Tuarascáil Bhliantúil 2000

Department of Education and Science
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

An tAonad Bainistíochta um Athrú
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 8734700
Nollaig 2001



An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2000

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

CLÁR

Réamhrá an Aire 4

Ráiteas ón Ard-Rúnaí 5

Misean, Aidhmeanna agus Gníomhaíochtaí 6

Staitisticí Tábhachtacha Oideachais 8

Fócas – Scrúduithe Teastais 1990 – 2000
Ré Athruithe 14

Príomhfhorbairtí sa bhliain 2000 16

- Cothroime agus Uilechuimsitheacht
- Torthaí Ardchaighdeáin
- Foghlaim Shaoil
- Reachtaíocht

Fócas – Pleanáil agus Soláthar Cóiríochta
Clár Oibre sa bhliain 2000 36

Forbairtí Eagrúcháin 38

Fócas – Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunoideachais 42

Aguisíní 44

- Cairt Eagrúcháin
- Foilseacháin
- Comhlachtaí faoi chúram na Roinne
- Teagmhálacha

Réamhrá an Aire

Tá áthas orm glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil seo a d'ullmhaigh mo Roinn faoi théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Ba bhliain í 2000 inar bhain mo Roinnse nithe suntasacha amach i dtabhairt i gcrích na gcuspóirí agus na spriocanna ardleibhéil atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 1998 – 2001.

Breathnaítear ar an oideachas le fada mar cheann de na fachtóirí is criticiúla i rathúlacht ár leanaí agus ár ndaoine óga a chinneadh agus iad ag glacadh a n-áite sa tsochaí agus iad ag cur le fás eacnamúil, rathúnas agus forbairt shóisialta na hÉireann. Tá foghlaim shaoil le deiseanna foghlama arna soláthar thar ré saoil lárnach d'fholláine eacnamaíochta agus comhtháthú sóisialta a chothabháil.

Aithníonn an Rialtas ról sin an oideachais i bhfás eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta a chothú agus léirigh sé a thiomantas trí mhéaduithe suntasacha i gcaiteachas i rith na tréimhse a chlúdaíonn an tuarascáil seo. Chuir an maoiniú breise sin feabhsúcháin shubstainiúla i seirbhísí ar fud gach leibhéal oideachais san áireamh, faoi mar a mhionsonraítear sa tuarascáil seo.

Táim ag tnúth go mór le leanúint den dul chun cinn seo agus táim dóchasach go gcomhlíonfar na dúshláin agus na hathruithe atá amach romhainn go ráthúil tríd an tiomantas agus an díograis a bhí mar chomhartha sóirt thabhairt i gcrích sheirbhís na Roinne i rith na mblianta.

An Dr Michael Woods, T.D.,
An tAire Oideachais agus Eolaíochta.
Nollaig 2001

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne seo ar fheidhmiú i 2000 na n-aidhmeanna straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 1998 – 2001 a sholáthar.

Ba bhliain í 2000 inar tharla dul chun cinn agus cur i ngníomh suntasach don Roinn. Tugann an tuarascáil seo mionsonraí ar na príomhfhorbairtí i rith na bliana ar fud gach leibhéal oideachais. Ag teacht lenár spriocanna ardleibhéil, tá na forbairtí a dtugtar imlíne orthu sa tuarascáil grúpáilte faoi cheithre réimse tábhachtacha, eadhon, cothroime agus uilechuimsitheacht, torthaí ardchaighdeáin, foghlaim shaoil agus reachtaíocht. Áirímid chomh maith sa tuarascáil seo fócas speisialta ar thrí réimse tábhachtacha de ghníomhaíocht na Roinne; na Scrúduithe Teastais, Pleanáil agus Soláthar Cóiríochta agus Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunoideachais.

Is ann don dul chun cinn i gcuspóirí dúshlánacha a bhaint amach le blianta beaga anuas de bharr, ar an mórchuid, thiomantas agus dhianobair fhoireann na Roinne. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil leo sin ar fad lena mbaineann as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht. Cé nach neamhshuntasach iad na dúshláin atá amach romhainn, táim dóchasach go leanaimid, i spiorad na comhpháirtíochta, de bheith ag comhlíonadh na ndúshlán sin le dúthracht agus tiomantas.

John Dennehy
Ard-Rúnaí.
Nollaig 2001

Misean, Aidhmeanna agus Gníomhaíochtaí



Misean

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ná a chinntiú go soláthraítear córas oideachais den chaighdeán is airde, arna thomhas de réir caighdeán idirnáisiúnta, ar córas é atá cuimsitheach, cost-éifeachtach agus sorochtana agus ar córas é:

- a chumasóidh daoine aonair chun a gcumas iomlán a bhaint amach mar dhaoine agus a bheith páirteach go hiomlán mar shaoránaigh sa tsochaí agus
- a bheidh ina chabhair maidir le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

Aidhmeanna

D'fhonn an misean sin a shaothrú, tá na haidhmeanna ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn:

- cothroime agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn
- torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn
- foghlaim shaoil a chur chun cinn
- pleanáil a dhéanamh le haghaidh oideachais a bhfuil baint aige le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta
- feabhas a chur ar chumas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le soláthar seirbhísí, foirmiú polasaí, taighde agus measúnú.

Gníomhaíochtaí

Mar thaca lena haidhmeanna ardleibhéil, tá an Roinn ag gabháil do réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- comhairle, forbairt agus athbhreithniú polasaí
- leithroinnt acmhainní
- ardchaighdeáin a áirithiú
- pleanáil agus soláthar cóiríochta
- riar scrúduithe
- riar feidhmeanna ardscála feidhmiúcháin agus oibríochta
- comhairle agus tacaíocht do lucht bainistíochta agus d'fhoireann oideachais

Staitisticí Tábhachtacha Oideachais

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 8 Tuarascáil Bhliantúil 2000

An Líon Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéil 1989/1990



- An Chéad Leibhéal **57.8% (552,182)**
- An Dara Leibhéal **35.5% (339,132)**
- An Tríú Leibhéal **6.7% (64,137)**

An Líon Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéil 1999/2000



- An Chéad Leibhéal **48.6% (444,310)**
- An Dara Leibhéal **38.7% (353,860)**
- An Tríú Leibhéal **12.7% (115,696)**

An Líon daltaí lánaimseartha de réir earnála 1965-2001



- An Chéad Leibhéal
- An Dara Leibhéal
- An Tríú Leibhéal

An Líon rolluithe lánaimseartha ag an tríú leibhéal 1991/2000



Rannpháirtíocht i mbreisoideachas/in ardoideachas 1998/1999

	Fir	Mná	Iomlán
Cúrsaí PLC	6,840	17,266	24,106
VTOanna	1,829	3,345	5,174
Youthreach (gan FÁS san áireamh)	1,102	1,145	2,247
Oiliúint don Lucht Siúil Sinsearach	251	410	661
Litearthacht Dhaoine Fásta	5,280	9,311	14,591
Breisoideachas	37,916	102,217	140,133
An Tríú Leibhéal	50,808	57,707	108,509

Caiteachas ar Oideachas 1985 go dtí 2000



Caiteachas ar Oideachas de réir leibhéil 1985 go dtí 2000



Mar a chaitear an t-airgead

An Chéad Leibhéal



- Tuarastail & Aoisliúntas **78.2%**
- Deontais & Seirbhísí **8.4%**
- Iompras Scoileanna **2.7%**
- Caiteachas Caipitil **9.3%**
- Pá Roinne agus forchostais eile **1.3%**

An Dara Leibhéal



- Tuarastail & Aoisliúntas **72.2%**
- Deontais & Seirbhísí **15.1%**
- Iompras Scoileanna **1.5%**
- Caiteachas Caipitil **9.4%**
- Pá Roinne agus forchostais eile **1.3%**

An Tríú Leibhéal



- Tuarastail **46.3%**
- Deontais & Seirbhísí **20.2%**
- Caiteachas Caipitil **21.6%**
- Tacaíocht do Mhic Léinn **11.5%**
- Pá Roinne agus forchostais eile **0.4%**

Na Scrúduithe Teastais 1990 – 2000 Ré Athruithe

fócas

Le deich mbliana anuas tá athruithe móra tagtha ar chineál na scrúduithe teastais agus ar conas a riartar iad.

Cur chuige nua agus níos leithne

Ghlac scrúdú nua, an Teastas Sóisearach, ionad na Meánteistiméireachta agus scrúduithe an Ghrúp-Theastais Gairmoideachais Lae. Rinneadh an scrúdú nua sin den chéad uair sa bhliain 1992 ach bhí staidéar á dhéanamh ag mic léinn ar na siollabais athbhreithnithe le trí bliana roimhe sin sa chuid is mó ábhar. Chuir an Teastas Sóisearach rogha i bhfad níos fearr ar fáil do mhic léinn i dtaca leis an leibhéal ag a bhféadfaidís an scrúduithe a dhéanamh agus thug sé isteach bonnleibhéal i gcás na Gaeilge, an Bhéarla agus na Matamaitice. Ina theannta sin, leathnaíodh na cineálacha measúnachta trí leas níos mó a bhaint as cluastuiscint, as obair phraiticiúil agus as obair thionscadail, chomh maith le leanúint den mheasúnacht thraidisiúnta i scríbhinn.

Leathnaíodh an Ardteistiméireacht thraidisiúnta trí fhorbairt a dhéanamh ar Chlár Gairmoideachais na hArdteistiméireachta. Thug sé sin spreagadh do mhic léinn ábhair áirithe a thógáil le chéile agus díríodh aird na mac léinn ar an saol oibre lasmuigh den seomra ranga trí na nasc-mhodúil.

Tugadh tuilleadh roghanna do mhic léinn nuair a tugadh isteach Clár Feidhmeach na hArdteistiméireachta ar clár nuálach a bhí ann. Thug sé isteach cur chuige nua maidir le hoideachas, oiliúint agus measúnacht laistigh den tSraith Shinsearach ag an dara leibhéal. Bíonn ar mhic léinn a gcuid eolais, scileanna agus taithí a úsáid i gcomhair tascanna praiticiúla ar scoil, san ionad oibre agus sa phobal i gcoitinne. Áirítear sa chlár don Ardteistiméireacht Fheidhmeach ullmhúchán don obair, cúrsaí praiticiúla agus oideachas ginearálta. I dteannta chineál modúlach an chláir tá cur chuige nua ann i dtaca le measúnacht agus is féidir le mic léinn creidiúintí a charnadh suas thar an dá bhliain den chúrsa. Faigheann iarrthóirí creidiúintí freisin as modúil a chríochnaítear. Is é atá i modúl amháin ná tréimhse staidéir tuairim is 40 uair an chloig.

An tAthrú a thabhairt i gcrích

Brainse Scrúduithe na Roinne agus an Chigireacht a eagraíonn na scrúduithe teastais i gcomhar le húdaráis scoile.

Rinneadh próiseas iomlán riartha na scrúduithe (i.e. ón tráth a ghlactar le hiontrálacha chun na scrúduithe a dhéanamh go dtí an tráth a eisítear torthaí agus a dhéileáiltear le hachomhairc) trí leas a bhaint as teicneolaíocht ríomhaireachta den chéad uair sa bhliain 1990. Ó shin i leith, tá teicneolaíocht an-tábhachtach i dtaca le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar ag féachaint don chastacht mhéadaithe a bhaineann le riar scrúduithe tar éis an Teastas Sóisearach a thabhairt isteach agus tar éis leathnú a dhéanamh ar mheasúnacht san Ardteistiméireacht.

Táscaire amháin ar scála na hoibríochta agus ar an bhfás atá tagtha uirthi le linn bhlianta na 1990-idí is ea an méadú ar an líon íotam atá le scrúdú in aon bhliain amháin. Is é atá sna híotaim atá le scrúdú ná scripteanna scríofa, obair thionscadail, béaltrialacha agus trialacha cluastuisceana agus idir na blianta 1990 agus 2000 tháinig méadú ar an líon sin ó 1 mhilliún go dtí figiúr os cionn 2 mhilliún.

Clár Oibre Oscailte

Sa bhliain 1998, den chéad uair, ceadaíodh do mhic léinn rochtain a fháil ar a gcuid scripteanna scrúdaithe marcáilte. D'fhéadfaí a rá gurbh é sin an t-athrú ba radacaí a tharla sa chóras scrúduithe ó bunaíodh é. D'fhág an t-

athrú sin go raibh Éire chun tosaigh sa domhan i dtéarmaí oscailteachta agus trédhearcachta sa chóras scrúduithe.

Le linn bhlianta na 1990-idí, roimh rochtain a thabhairt d'iarrthóirí ar a scripteanna marcáilte, rinneadh roinnt beart a bhí ceaptha chun deireadh a chur le rúndacht agus an córas scrúduithe a oscailt lena iniúchadh go hiomlán ionas go bhféadfadh iarrthóirí, a dtuismitheoirí agus a múinteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar conas a d'oibrigh an córas scrúduithe agus ionas go mbeadh muinín níos mó acu as an gcóras.

Rinneadh na mionscéimeanna marcála a úsáideann scrúdaitheoirí le linn scripteanna a mharcáil a fhoilsiú agus a chur ar fáil, ar dtús, i bhfoirm chlóite amháin trí scoileanna. Le déanaí tá siad ar fáil do gach duine trí láithreán gréasáin na Roinne. Ar an dóigh chéanna, déanann Cigireacht na Roinne mhaoirsiú ar fhoilsiú tuarascálacha ó Phríomhscrúdaitheoirí maidir le torthaí iarrthóirí i gcoitinne in ábhair scrúdaithe áirithe. I gcoitinne, fhoilsítear tuarascáil ar aon ábhar áirithe uair amháin gach trí bliana nó i gcás ina bhfuil siollabas nua á scrúdú den chéad uair. Foilsíodh tuairim is 120 tuarascáil den sórt sin sna sé bliana atá imithe tharainn. Tá siad ar fáil tríd an Idirlíon ar láithreán gréasáin na Roinne

Iarrthóirí, scoileanna agus tuismitheoirí a chumasú trí sheirbhísí custaiméara feabhsaithe

Cuid lárnach den chlár oibre le haghaidh athruithe sa chóras scrúduithe ab ea cumasú gach iarrthóra ar leithligh. Áirítear na nithe seo a leanas sa réimse gnéithe nua atá ann:

- Roimh an scrúdú faigheann gach iarrthóir ráiteas lena shíniú ar ráiteas é ina dtaispeántar a réimse ábhar agus an leibhéal a bheartaíonn sé/sí a dhéanamh i gcás gach ceann acu. Cuireadh an cleachtas seo in ionad seanchleachtais ar tríd a chuir scoileanna athruithe in iúl thar ceann iarrthóirí.
- Is féidir le mic léinn torthaí scrúduithe a fháil go príobháideach trí sheirbhís teileafóin nó ar an Idirlíon.
- In aon chás ina ríomhtar an grád in éagmais comhchuid riachtanach de scrúdú, faigheann iarrthóirí tuairisc fhorlíontach in éineacht lena dtorthaí. Cumasaítear don iarrthóir, ar an dóigh sin, aon fhadhb a bhaineann leis an toradh a shainaithint láithreach.
- Ciallaíonn sé, ó tharla rochtain a bheith le fáil ar scripteanna scrúdaithe agus ar scéimeanna marcála, go bhfuil an t-iarrthóir in ann cinneadh níos eolasaí a dhéanamh anois i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar achomharc maidir le toradh.
- I gcás daoine a dhéanann achomharc maidir lena dtorthaí scrúduithe, is féidir leo a iarraidh ar an gCoimisinéir Scrúduithe a chinneadh an ndearnadh an t-achomharc de réir an phróisis shonraithe. Tá Coimisinéirí Scrúduithe neamhspleách ar an Roinn.

Áirítear na nithe seo a leanas i bhfeabhsúcháin eile i seirbhísí d'iarrthóirí agus do scoileanna le tamall de bhlianta:

- Teicneolaíocht bharra-chóid a úsáid chun rianú a dhéanamh ar ghluaiseacht ábhar agus scripteanna scrúdaithe ó scoileanna agus ó ionaid scrúduithe chuig Brainse Scrúduithe na Roinne i mBaile Átha Luain agus idir an Roinn agus na scrúdaitheoirí.
- I gcomhar le AN POST, sainseirbhí EXAMPOST a chruthú a oibríonn i mí an Mheithimh gach bliain.
- Saoráid íocaíochta ghíoró bainc a thabhairt isteach le gur féidir le hiarrthóirí a dtáillí iontrála scrúduithe agus táillí i gcomhair achomharc a íoc.
- Seanpháipéir scrúduithe agus seantaifeadtaí fuaime do thrialacha cluastuisceana a fhoilsiú ar CD agus ar an Idirlíon.

Scrúduithe níos uilechuimsithí a bheith ann

Cuid an-tábhachtach d'obair an Bhrainse Scrúduithe agus na Cigireachta is ea a chinntiú go bhfuil na scrúduithe chomh uilechuimsitheach agus is féidir ionas gur féidir le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu na scrúduithe a dhéanamh. Áirítear sa réimse beart páipéir scrúduithe a sholáthar i gcló mór nó in braille agus ligean d'iarrthóirí cúnamh a fháil ó léitheoirí agus scríbhneoirí. Is féidir le hiarrthóir a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici tarscoileadh a lorg ó ghné den scrúdú agus na marcanna iomlána a fháil don scrúdú dá ainneoin sin. Mar shampla, i gcás iarrthóra atá bodhar, is féidir leis nó léi díolúine a fháil ón triail chluastuisceana in ábhar teanga agus déanfar an grád foriomlán a chinneadh de réir na gcodanna béil agus scríofa den scrúdú.

I gcás iarrthóirí nach mbíonn sásta le haon chóiríocht a chuireann an Roinn ar fáil, is féidir leo achomharc a dhéanamh chuig coiste achomhairc a bhfuil a chomhaltaí neamhspleách ar an Roinn.

Athrú leanúnach

Tharla na hathruithe móra atá luaite thuas sna deich mbliana atá imithe tharainn. Mar gheall ar ról suntasach an chórais oideachais i dtaca lena chinntiú gur féidir le gach duine, i gcomhthéacs foghlama saoil, páirt iomlán a ghlacadh i ndomhan atá ag athrú go tapa, beidh gá, gan amhras, le hathrú leanúnach a dhéanamh ar ár gcóras scrúduithe agus ar an dóigh ina riartar é.

Príomhfhorbairtí sa bhliain 2000

Cothroime agus Uilechuimsitheacht

Torthaí Ardchaighdeáin

Foghlaim Shaoil

Reachtaíocht

Cothroime agus Uilechuimsitheacht

Ag Dul i nGleic le Míbhuntáiste i mBunscoileanna

Le blianta beaga anuas tá tús áite tugtha i bpolasaí oideachais do na hiarrachtaí chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Tá réimse beart tugtha isteach chun cur i gcoinne míbhuntáiste oideachais agus tá maoiniú £400 milliún curtha ar leataobh sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) chun na críche sin. Rinneadh forbairt le linn 2000 ar chlár nua dar teideal **"Giving Children an Even Break"** chun dul i ngleic le míbhuntáiste i mbunscoileanna. Tríd an gclár sin dírítear maoiniú go sonrach i dtreo mac léinn faoi mhíbhuntáiste i mbunscoileanna. Chuige sin, rinne an tIonad Taighde Oideachais suirbhé cuimsitheach thar ceann na Roinne sa bhliain 2000 ar na leibhéil míbhuntáiste i ngach bunscoil. Is tríd an suirbhé sin a sainaithníodh scoileanna a fuair cuireadh chun a bheith páirteach sa chlár nua. Coinníoll tábhachtach a ghabhann le páirteachas sa chlár nua is ea nach mór na hacmhainní breise a úsáid chun tacaí iomlánaíocha a sholáthar do dhaltaí a thagann ó chúlraí míbhuntáistiúla ó thaobh an oideachais de. Léiríonn na tacaí breise atá le soláthar an líon daltaí ó chúlraí míbhuntáistiúla, ó thaobh an oideachais de, i ngach scoil ar leithligh atá páirteach sa chlár.

Ag Briseadh an Timthrialla

Tugadh an tionscadal píolótach Ag Briseadh an Timthrialla isteach i Meán Fómhair 1996. Bhí sé bunaithe ar staidéir ar mhíbhuntáiste oideachais a rinne an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta agus an tIonad Taighde Oideachais d'fhonn a fháil amach céard é an meán ba ghá chun bearta nua a dhíriú agus a chur i bhfeidhm go sonrach le hintinn timthriall an mhíbhuntáiste oideachais a bhriseadh.

Caitheadh £681,000 ar an scéim sa bhliain 2000 agus cuireadh 96 post breise ar fáil san iomlán in 2000 mar thacaíocht leis an scéim seo.

Tá 32 scoil uirbeach i gceist sa scéim agus tá 6,372 dalta ann, tá foireann bhreise ann rud a fhágann gur féidir uasmhéid ranga 15:1 a bheith sna ranganna sóisearacha go léir agus tá maoiniú breise á sholáthar le haghaidh ábhar, trealaimh, tionscadal lasmuigh den scoil, tacaíochta ó chomhordaitheoir agus sainfhorbartha inseirbhíse d'fhoireann scoile.

Tá 121 scoil tuaithe i gceist agus tá 6,500 dalta sna scoileanna sin; tá maoiniú speisialta á sholáthar freisin le haghaidh ábhar/trealaimh, tionscnamh áitiúil, maoiniú speisialta caipitíochta £30 in aghaidh an dalta, tacaíocht ó 25 comhordaitheoir áitiúla agus le haghaidh sainfhorbartha inseirbhíse d'fhoireann scoile.

Daoine a Fhágann Scoil go Luath

Rinneadh tuilleadh forbartha le linn 2000 ar chláir a tionscnaíodh i 1998 agus i 1999 do dhaoine a fhágann scoil go luath. Áirítear orthu sin:

- **An Tionscnamh Coimeádta "Fan ar Scoil"**

  Is tosaíocht tábhachtach é méadú a dhéanamh ar na rátaí coimeádta suas go deireadh na Sraithe Sinsearaí. Leathnaíodh an clár ó 58 scoil go 117 scoil sa bhliain 2000. Ceapadh comhordaitheoirí chun tacú le scoileanna a gcuid pleananna maidir le rátaí méadaithe coimeádta a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú agus chun idirchaidreamh a dhéanamh idir na scoileanna agus an Roinn.

- **An Tionscnamh do Dhaoine idir 8 agus 15 Bliain d'Aois a Fhágann Scoil go Luath**

  Sa bhliain 2000, bhí 17 tionscadal sa chlár seo; bhí 80 scoil (51 bunscoil agus 29 scoil dara leibhéal) páirteach ann, mar aon le gníomhaireachtaí reachtúla agus gníomhaireachtaí deonacha a ghabhann d'fhorbairt óige agus pobail agus Comhpháirtíochtaí Ceantarbhunaithe. Bhí £2.2 milliún ar fáil don tionscadal seo in 2000.

Youthreach

Cuireann *Youthreach* oideachas, oiliúint agus taithí oibre ar fáil do dhaoine óga idir 15 agus 18 bliain d'aois nach bhfuil aon oideachas foirmiúil ná cáilíochtaí oiliúna acu. Tá leathnú tagtha ar an gclár de réir a chéile agus tá sé á thairiscint i níos mó ná 130 ionad atá ag freastal ar 7,162 mac léinn a bhfuil 2,947 díobh in earnáil an Ghairmoideachais.

Ag an leibhéal áitiúil, tá líonraí tarchurtha bunaithe ag *Youthreach* le scoileanna, leis an tseirbhís phromhaidh agus leasa, le seirbhísí óige, le seirbhísí sláinte agus le seirbhísí idirchaidrimh d'ógánaigh agus tá naisc chomhchosúla ann ag an leibhéal náisiúnta. Táthar ag leanúint ar aghaidh le bearta eile a bhí i bhfeidhm cheana féin, mar shampla, seirbhísí comhairle, treorach agus síceolaíochta. Ina theannta sin, le linn 2000, leanadh de bheart cúraim leanaí do Youthreach, de VTOS agus de Chláir do Dhaoine Sinsearacha den Lucht Siúil; leithroinneadh os cionn £2m ina leith sin in 2000. Tá tuairim is 997 leanbh (agus 795 tuismitheoir páirteach freisin) ag baint tairbhe as an mbeart seo faoi láthair.

Scéim Idirchaidrimh Baile Scoile Pobail

Tá an scéim seo ina príomhghné de straitéis na Roinne maidir le comhrac i gcoinne míbhuntáiste oideachais. Tá sí bunaithe ar chomhordaitheoir (múinteoir) a chur ar fáil do scoil, nó do ghrúpa scoileanna, i limistéir mhíbhuntáistiúla chun a bheith ag obair le foireann scoile, le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí pobail iomchuí d'fhonn leasanna oideachais leanaí a chur chun cinn. Leathnaíodh an tseirbhís seo chuig gach scoil céad leibhéal agus dara leibhéal a bhfuil stádas limistéir mhíbhuntaistiúil acu ó thús na scoilbhliana 1999/2000.

Caitheadh os cionn £7 milliún (agus tuarastail mhúinteoirí san áireamh) sa bhliain 2000 chun freastal ar níos mó ná 70,000 dalta ag leibhéal an bhunoideachais agus ar níos mó ná 48,000 dalta ag an dara leibhéal.

Tús Luath

I dtaca leis an gclár idirghabhála réamhscoile Early Start do na daltaí idir 3 agus 4 bliana d'aois is mó atá i mbaol i limistéir míbhuntáiste shóisialta, is é an aidhm atá leis ná clár oideachais a chur ar fáil do leanaí óga d'fhonn feabhas a chur ar a bhforbairt fhoriomlán, cosc a chur le teip ar scoil agus cúiteamh a dhéanamh i leith éifeachtaí míbhuntáiste shóisialta. I gcás gach ranga réamhscoile sa Tionscadal Píolótach Tús Luath, tá maoiniú caipitíochta ann ar fiú £75 in aghaidh an dalta é, tá múinteoir cáilithe bunscoile agus cúntóir cúnaimh leanaí ann, tá deontas tosaigh £4,500 ann le haghaidh ábhar/trealaimh agus tá deontas £1,500 ann chun páirteachas ag tuismitheoirí a spreagadh. Déanfar athbhreithniú ar an gclár i gcomhthéacs chur chun feidhme an Pháipéir Bháin ar Oideachas Luathóige *"Ready to Learn"*.

Oideachas Luathóige

Sa Pháipéar Bán ar Oideachas Luathóige "*Ready to Learn*", leagtar amach straitéis chuimsitheach le haghaidh fhorbairt an oideachais luathóige do gach leanbh ón tráth breithe go dtí sé bliana d'aois. Tar éis an Páipéar Bán a fhoilsiú, chuir an Roinn próiseas dian iarchomhairliúcháin i gcrích leis na páirtithe go léir a rinne léirithe os comhair an Fhóraim Náisiúnta d'Oideachas Luathóige. Ba é aidhm na gcomhairliúchán sin ná tuairimí a lorg ó pháirtithe leasmhara maidir le feidhmiú na bpolasaithe atá leagtha amach sa Pháipéar Bán agus chun a chumasú an obair riachtanach pleanála agus ullmhúcháin a dhéanamh le go bhféadfadh an Roinn nithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na gealltanais sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime.

I dtrátha dheireadh na bliana 2000, lorg an Roinn tograí ó fhorais tríú leibhéal le haghaidh tionscadail píolótaigh trína ndéanfaí forbairt ar oideachas luathóige de bhun na gcuspóirí sa Pháipéar Bán. Samhlaítear go n-áireofar an méid seo a leanas sa tionscadal píolótach:

- Forbairt a dhéanamh ar ardchaighdeáin luathoideachais a mhéid a bhaineann le trealamh agus ábhair, cáilíochtaí na foirne, oiliúint, cuspóirí foghlama, modheolaíochtaí agus curaclam.
- Forbairt a dhéanamh ar chreat tacaíochta chun spreagadh a thabhairt maidir le comhlíonadh ardchaighdeán ag soláthraithe oideachais.
- Comhordú agus feabhsú an tsoláthair luathoideachais ag féachaint ach go háirithe do ghrúpaí míbhuntáistiúla agus do ghrúpa a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Clár taighde agus forbartha a choimisiúnú trína bhféadfar dea-chleachtas maidir le curaclam, modheolaíocht mhúinteoireachta agus páirtíocht ag tuismitheoirí a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú.

Tá £74 milliún san iomlán curtha ar fáil sa Chlár Forbartha Náisiúnta chun na tograí sa Pháipéar Bán a chur i bhfeidhm sa tréimhse 2000 – 2006. Tá maoiniú le haghaidh clár laithreach san áireamh san fhigiúr sin.

Seirbhísí Síceolaíochta do Scoileanna

Bunaíodh Gníomhaireacht na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) i Meán Fómhair 1999 mar ghníomhaireacht riaracháin de chuid na Roinne chun seirbhís chuimsitheach síceolaíochta oideachais a sholáthar do scoileanna agus d'fhorais oideachais eile do dhaoine eile a bhfuil aois scoile acu. Chuir SNSO tús le clár mór leathnaithe le linn théarma an fhómhair sa bhliain 2000 agus ceapadh 26 síceolaí breise. D'fhág sé sin gurbh é an líon iomlán síceolaithe ná 75. Tagann síceolaithe eile atá ag obair sa chóras oideachais faoi chúram SNSO freisin. Áirítear orthu sin síceolaithe atá ag obair i gCoistí Gairmoideachais i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath, sna Scoileanna d'Ógchiontóirí agus sna Comhpháirtíochtaí Limistéir. Leagadh síos sprioc i bplean forbartha na gníomhaireachta, is é sin, go gceapfaí 200 síceolaí d'fhonn seirbhís chuimsitheach a sholáthar mar chabhair do gach leanbh, go háirithe leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana le forbairt chreat riaracháin chun tacú le hobair i scoileanna. Áirítear air sin cóiríocht, riarachán agus tacaíocht TE. Chuir clár tús le cóiríocht oifige ar fud na tíre a shainaithint agus a fhorbairt d'oifigí áitiúla agus réigiúnacha SNSO. D'oscail an tAire ceanncheathrú náisiúnta na gníomhaireachta go hoifigiúil i gCúirt na nGort Arbhair, Sráid na nGort Arbhair, Baile Átha Cliath 1 i mBealtaine 2000.

Tá gníomhaireacht SNSO eagraithe ina 10 réigiún atá mórán comhionann leis na 10 réigiún Boird Sláinte le comhoibriú éasca le comhghleacaithe san earnáil chliniciúil a éascú. I rith na bliana 2000, sholáthair SNSO seirbhís síceolaíochta do gach scoil dara leibhéal agus do thuairim is 725 bunscoil. Tá earcaíocht chuig SNSO ar siúl go leanúnach, de réir mar a cheaptar síceolaithe breise, agus beidh an tseirbhís á leathnú go forchéimneach nó go ndéanann sí freastaal ar gach scoil.

Oideachas don Lucht Siúil

Cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta £9.8m ar fáil d'oideachas don Lucht Siúil. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas ar oideachas do leanaí an Lucht Siúil an líon a bhaineann sochar as oideachas a mhéadú agus iad a lánpháirtiú in oideachas príomhshrutha. Lean an Coiste Comhairleach ar Oideachas don Lucht Siúil den obair thábhachtach a bhí ar bun acu i rith na bliana.

I 2000 cuireadh maoiniú ar fáil do

- 52 saoráid réamhscolaíochta d'os cionn 500 leanbh Lucht Siúil
- £624,000 do theagasc, £195,000 d'iompras agus £42,000 do threalamh (leanaí réamhscolaíochta)
- Ceannach trealaimh agus ábhair ó Chlár TE na Scoileanna (£40,000)

Bíonn 5,000 leanbh Lucht Siúil atá in aois bhunoideachais ag freastal ar scoileanna náisiúnta. Chomh maith leis sin bíonn 4 bhunscoil speisialta do leanaí Lucht Siúil i mbun feidhmíochta. Bíonn 443 múinteoir acmhainne ag obair le leanaí Lucht Siúil i 375 bunscoil (cóimheas daltaí le múinteoir 14:1).

I 2000, bhí os cionn 1,100 leanbh Lucht Siúil a bhí idir 12 agus 15 bliain d'aois ag freastal ar scoileanna iar-bhunoideachais. Bíonn cóimheas daltaí le múinteoir níos lú agus curaclam solúbhtha ag na ranganna sin.

Leanaí i mBaol

Lean roinnt tionscadal a bhí dírithe ar thacaíocht a sholáthar do leanaí i mbaol de mhaoiniú a fháil i 2000. Áirítear orthu sin:

- 5 thionscadal *Youth Encounter*, ag freastal ar suas le 125 duine óg a bhí páirteach i mionchiontóireacht nó a bhíonn i mbaol agus atá coimhthithe ón gcóras príomhshrutha.
- 5 Lárionad Ógchiontóirí ag freastal ar 186 áit fanacht fada agus 20 áit gearrthréimhseacha/athchurtha.

Tá clár suntasach ar chostas £21m á chur ar bun, chun acthchóiriú a dhéanamh ar na saoráidí atá ar marthain agus chun saoráidí nua a sholáthar ag lárionaid socraithe athchurtha, ard-slándála agus coinneála.

Cláir Choisc Mhí-úsáid Substaintí

Bhí soláthar de £1m san áireamh i mBuiséad 1999 d'fheidhmiú céimneach chláir choisc mhí-úsáid substaintí (lena n-áirítear soláthar oiliúina in-seirbhíse do mhúinteoirí) do gach bunscoil faoi dheireadh 2000.

Ar na tionscnaimh áiríodh leanúint de chláir oideachais choisc mhí-úsáid substaintí "Walk Tall" (bunleibhéal) agus "On My Own Two Feet" (an dara leibhéal), rannpháirtíocht i nGréasán Scoileanna Chur chun Cinn Sláinte na hEorpa agus ról gníomhach ar Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí. Faoi dheireadh Feabhra 2000 tugadh an clár "Walk Tall" isteach i leath na mbunscoileanna. Ag an leibhéal iarbhunoideachais tugadh an clár "On My Own Two Feet" isteach i mbeagnach 570 scoil. Tá an clár sin anois comhchuimsithe sa chlár oideachais sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS). Faoi dheireadh 2003 táthar ag súil go mbeidh OSPS mar chuid lárnach dá chlár ag leibhéal na sraithe sóisearaí ag gach scoil. Moltar chomh maith go mbeidh an clár "Walk Tall" chomh maith mar chuid den OSPS.

Seirbhísí Óige

Cuireadh buiséad Gnóthaí Óige de £16.9 milliún ar fáil sa bhliain 2000 le fobairt leanúnach obair óige a éascú agus chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí óige cláir agus seirbhísí do dhaoine óga a thabhairt i gcrích. Áirítear ar na straitéisí óige roinnt clár atá dírithe go sainiúil ar an óige faoi mhíbhuntáiste. I 2000 rinneadh soláthar de £1m do Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a tugadh isteach i 1999 chun deontas i gcabhair a thabhairt do chlubanna/grúpaí óige áitiúla, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Ar thionscnaimh eile áirítear soláthar maoine do ghréasán de 30 Lárionad Eolais Óige

Mic Léinn le Riachtanais Speisialta

I 2000 cuireadh £46m ar an iomlán ar fáil i seirbhísí tacaíochta speisialta do mhic léinn le riachtanais speisialta.

Is é an polasaí uasmhéadú a dhéanamh ar lánpháirtiú leanaí le riachtanais speisialta i gcóras na ngnáthscoileanna agus ag an am céanna raon cuí de sheirbhísí tacaíochta speisialta a chinntiú do leanaí a éilíonn soláthar tiomanta speisialta.

Cuireadh Grúpa Pleanála ar bun le moltaí a dhéanamh chuig an Aire don soláthar is éifeachtaí de sheirbhís atá comhordaithe go mór ag gach céim den chóras. Cuireadh tuarascáil an ghrúpa faoi bhráid an Aire i lár mhí na Nollag 2000 agus bhí sé mar fhaisnéis do pholasaí an Rialtais maidir le bunú molta Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta.

Tá leibhéal forbartha gan fasach tarlaithe do chóras an Oideachais Speisialta le 2/3 bliana. Áirítear ar shamplaí dár baineadh amach:

- I nDeireadh Fómhair 1998 chinn an Rialtas go mbeadh teideal uathoibríoch ag leanaí le riachtanais speisialta sa chóras bunscoile ar fhreagairt dá riachtanas. Mar thoradh ar an bhforbairt sin;
    - d'fhás an líon múinteoirí acmhainne speisialta ag tacú le leanaí faoi mhíchumais i suímh lánpháirtithe ó 104 i nDeireadh Fómhair 1998 go dtí 700 faoi dheireadh na bliana 2000, agus
    - d'fhás an líon cúntóirí riachtanais speisialta ag tacú le leanaí sa chóras bunoideachas ó níos lú ná 300 go dtí níos mó ná 1,500 i rith na tréimhse céanna.

Chomh maith leis sin tá poist den sórt sin á leithdháileadh mar fhreagairt do riachtanais mheasúnaithe.

- Soláthraíonn an Scéim Feabhais (Tacaíocht Foghlama) tacaíocht do leanaí a mbíonn deacrachtaí acu i réimsí litearthachta agus uimhearthachta. Ó Mheán Fómhair 1999 leathnaíodh an tseirbhís sin chuig gach scoil céad leibhéal agus dara leibhéal sa tír. Mar thoradh ar an bhforbairt sin, mhéadaigh an líon múinteoirí tacaíochta foghlama sa chóras ó 1,652 i 1998/99 go dtí 2040 i 1999/2000.
- Ó Mheán Fómhair 1999 cuireadh maoiniú ar fail le ceapadh Tionlacóirí ar gach seirbhís iompair scoile speisialta a iompraíonn leanaí faoi mhíchumais chuig an scoil agus ar ais. Is £2.5m an caiteachas bliantúil ar an scéim sin.
- Caitheadh £4.9m ar an iomlán ar sholáthar tacaíochtaí múinteoireachta páirtaimseartha do leanaí le riachtanais speisialta.
- Caitheadh maoiniú de £863,000 ar sholáthar trealaimh speisialta le freastal ar riachtanais oideachasúla leanaí faoi mhíchumais.

Soláthar Oideachais do Leanaí le hUathachas

I nDeireadh Fómhair 1998 rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta foráil do riachtanais oideachais ar leithligh leanaí le huathachas trína ranganna tiomanta speisialta a chur ar bun. Déanann gach rang freastal ar uasmhéid de 6 leanbh le huathachas. Faigheann gach rang tacaíocht ó mhúinteoir agus ó dhá chúntóir riachtanas speisialta. Tuilleann leanaí a bhíonn ag freastal ar ranganna den sórt sin ráta méadaithe speisialta de mhaoiniú caipitlíochta don scoil agus bíonn siad i dteideal seirbhís speisialta iompair scoile a fháil. Tá os cionn 80 rang den sórt sin bunaithe go dtí seo agus tá tuilleadh ranganna bunaithe mar fhreagairt ar riachtanais mheasúnaithe. Tá an Roinn ag maoiniú 3 chlár píolótach chomh maith, a bhaineann úsáid as cur chuige anailís iompair fheidhmithe i leith oideachas leanaí le huathachas.

I mí Dheireadh Fómhair 2000, bhunaigh an tAire Tasc-Fhórsa speisialta ar Uathachas chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chur chuige reatha i leith oideachas leanaí le huathachas agus chun moltaí a dhéanamh d'fhorbairt na seirbhísí sa réimse sin amach anseo. Chuir an Tasc-Fhórsa, a bhí chomhdhéanta de dhaoine le raon leathan taithí agus saineolais i réimse an uathachais, a thuarascáil i láthair an Aire i Samhain 2001 agus tá an tuarascáil sin á meas anois.

Soláthar Oideachais do Leanaí le Disléicse

I nDeireadh Fómhair 2000, bhunaigh an tAire Tasc-Fhórsa speisialta chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chur chuige reatha i leith riachtanais oideachais leanaí le disléicse agus chun moltaí a dhéanamh ar fhobairt na seirbhísí sa réimse sin. Cuireadh tuarascáil an Tasc-Fhórsa i láthair an Aire i Mí na Samhna 2001 agus tá an tuarascáil sin á meas anois.

Soláthróidh tionscadal píolótach £2m i 31 scoil ríomhaire glúine do gach mac léinn le disléicse d'úsáid baile agus scoile. Íocfar deontas de £2,700 do gach mac léinn inteidil dara bliana agus íocfar £3,000 le gach scoil le trealamh cúltaca a cheannach do mhúinteoirí tionscadail a dtabharfaidh an Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht in Oideachas oiliúint dóibh.

Soláthar Oideachais do Leanaí le Fiobróis Chisteach

I mí na Nollag 2000, cuireadh maoiniú de £250,000 ar fáil do chlár píolóta Chibear-Champais, a bhí nua agus an-nuálach, arna rith ag Cumann Fiobróise Cistí na hÉireann. Soláthróidh an clár nua seo oideachas agus oiliúint ar-líne do mhic léinn le fiobróis chisteach ag baint úsáide as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide chun an bhearna oideachais a bhíonn ann de bharr breoiteachta athfhilltí agus tréimhsí fada in ospidéal a líonadh.

Rochtain ar Ardoideachas

Tá freagracht ar an Roinn as cur chun cinn rochtana agus deiseanna páirteachais do mhic léinn lena n-áirítear mic léinn faoi mhíbhuntáiste agus mic léinn lánfhásta faoi mhíchumais, in ardoideachas agus ar chúrsaí iar-ardteistiméireachta (PLC). Tá foráil laistigh den Phlean Forbartha Náisiúnta do Chiste Rochtana Tríú Leibhéal de £95m ar an iomlán thar an tréimhse 2000 go dtí 2006.

I Meán Fómhair 2000, d'fhógair an tAire, ag teacht le tiomantas sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime (CRC), cruthú Grúpa Gníomhaíochta ar Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal, chun é a chomhairliú ar fhorbairt creat comhordaithe chun rochtain do mhic léinn ó thrí spriocghrúpa a chur chun cinn. Mar chéim tosaigh chun rochtain ar an tríú leibhéal a chur chun cinn, d'fhógair an tAire na tionscnaimh seo a leanas:

- Íocaíocht rátaí speisialta deontais chothabhála (deontais bhreise) chuig sealbhóirí deontais faoi mhíbhuntáiste;
- Bunú Ciste Compháirtíochta Mílaoise do dhaoine faoi Mhíbhuntáiste chun cabhrú le mic léinn faoi mhíbhuntáiste a bheith páirteach in ardoideachas.

Tacaíocht Mac Léinn Tríú Leibhéal

Bainistíonn an Roinn raon scéimeanna tacaíochta mac léinn a sholáthraíonn cabhair airgeadais faoi thástáil mhaoine do mhic léinn bhreisoideachais agus tríú leibhéal. Is ann do cheithre scéim deontais chothabhála agus, faoin tionscnamh táillí in aisce, íocann an Roinn táillí teagaisc mac léinn inteidil a bhíonn ag freastal ar chúrsaí ceadaithe lánaimseartha fochéime. Cáilíonn isteach agus amach le 39% de mhic léinn tríú leibhéal do dheontais chothabhála.

Caiteachas faoin gCeithre Scéim Deontais Chothabhála –2000

Scéim	Líon sealbhóirí Deontais	Caiteachas i 2000
Deontais Ardoideachais	24,200	£50m
Scoláireachtaí Coistí Gairmoideachais	5,590	£10.2m
Deontais Chothabhala Oiliúnaithe Tríú Leibhéal	14,160	£22.3m
Deontais iar-Ardteistiméireachta	6,300	£7.8m
IOMLÁN	**50,250**	**£90.3m**

Torthaí Ardchaighdeáin

Forbairtí Curaclaim

Leanadh de chlár forleathan d'oiliúint agus d'fhorbairt inghairme chun tacú leis an gcuraclam bunoideachais athbhreithnithe i rith 2000. Bhí an fócas i 2000 ar thacaíocht pleanála curaclaim sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sna hAmharcealaíona agus i dTionscadal Eolaíochta.

Ag an dara leibhéal thug an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi phróiseas leathan comhchomhairle ar fhorbairt na Sraithe Sóisearaí i 1999/2000. Lean an próiseas sin foilsiú na tuarascála ar an Dul Chun Cinn ar Athbhreithniú na Sraithe Sóisearaí: Ceisteanna agus Roghanna d'fhorbairt ag an CNCM agus páipéar pléite dar teideal Ceisteanna an Teastais Shóisearaigh do Phlé a d'fhoilsigh an Roinn. Tionóladh ocht gcruinniú comhchomhairleach ar fud na tíre. Beidh toradh an phróisis chomhchomhairle sin ina chabhair i bpolasaí pleanála amach anseo ar mheastúchán ag leibhéal na sraithe sóisearaí.

Chomh maith leis sin, ag an tsraith shóisearach tugadh siolabas athbhreithnithe Matamaitice isteach i Meán Fómhair 2000 do scrúdú i 2003 agus tugadh siollabas nua Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) an Teastais Shóisearaigh isteach i 2000. Scrúdaíodh an siollabas nua Oideachas Saoránaíochta, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) don chéad uair i 2000.

Ag an dara leibhéal tugadh siollabais nua isteach i bhFisic agus i gCeimic na hArdteistiméireachta agus eisíodh cabhair deontais chuig scoileanna le tacú le feidhmiú na siollabas nua. Bunaíodh an Tasc-Fhórsa ar Eolaíochtaí Fisiceacha i 2000 le céimeanna inghnímh a aithint chun tabhairt faoi fhadhb an laghdaithe sa líon mac léinn a thógann Fisic agus Ceimic chuig leibhéal Ardteistiméireachta.

Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile (TPFS)

Tá an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile (TPFS) deartha chun éifeachtúlacht, forbairt agus feabhsú scoile a chur chun cinn ar fud an chórais oideachais. Chonaic an TPFS, atá á bhainistiú agus á thacú ag an Roinn, leathnú suntasach i 2000. Tugadh 1,332 scoil bhreise isteach sa tionscnamh ag an mbunleibhéal rud a thug an líon iomlán go dtí 1,774. Tá gach bunscoil a bhíonn ag freastal ar limistéir faoi mhíbhuntáiste agus gach scoil bheag tuaithe anois páirteach san TPFS. Ag an dara leibhéal, tháinig 85 scoil bhreise isteach san TPFS rud a thug an líon iomláin chuig 361. Áiríonn sé sin 130 scoil atá páirteach i dtionscadal speisialta le cur chuige nuálach a fhorbairt maidir le pleanáil forbartha scoile.

Ó tosaíodh é, fuair gach scoil atá páirteach san TPFS cabhair deontais agus bhain go leor scoileanna leas as na seirbhísí tacaíochta speisialta.

Maoiniú Scoileanna

Comhdhéanann deontais chaipitlíochta an príomhchineál maoinithe do scoileanna. Tá sé i gceist go gcuirfidh an maoiniú caipitlíochta le teas, solas, glanadh, árachas, cothabháil ghinearálta agus áiseanna cabhracha teagaisc a theastaíonn i scoileanna. I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, rinneadh feabhsúcháin bhreise ar leithdháiltí caipitlíochta iníoctha le scoileanna. Sa scoilbhliain 1999/2000 is £64 in aghaidh an dalta a bhí sa ráta caighdeánach caipitlíochta de dheontas iníoctha. B'shin méadú de £4 ar an ráta caighdeánach a cuireadh isteach sa scoilbhliain roimhe sin. Méadaíodh an ráta caighdeánach do 2000/2001 £11.50 eile go dtí £75.50.

Méadaíodh an ráta caighdeánach iníoctha i meánscoileanna deonacha ó £184 go dtí £192 don scoilbhliain 1999/2000. Méadaíodh é sin tuilleadh ag tús scoilbhliain 2000/2001 go dtí £202. Méadaíodh leithdháiltí búiséadacha chuig earnálacha eile dara leibhéal ar bhonn *pro rata.*

Leibhéil Foirnithe

Sa scoilbhliain 2000/2001 leithdháileadh 395 post múinteoireachta breise i mbunscoileanna. Mar thoradh ar leithdháileadh na bpost teagaisc laghdaigh an cóimheas measta daltaí le múinteoir (CDM) foriomlán i mbunscoileanna go dtí 19.6:1 sa scoilbhliain 2000/2001 ó 20.4 sa scoilbhliain roimhe sin. Tá an CDM i mbunscoileanna ag titim go leanúnach le blianta beaga anuas.

Cruthaíodh 1,000 post breise i scoileanna dara leibhéal sa scoilbhliain 2000/2001. De bharr na bpost sin b'fhéidir laghdú ó 19:1 go dtí 18:1 sa chóimheas daltaí le múinteoir chun críche ceapacháin agus spriocdhíriú do thacaíocht bhreise chlár mar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh.

Seirbhísí Rúnaíochta agus Airíochta

Tharla feabhsúcháin shuntasacha ar an Scéim Rúnaíochta agus Airíochta i rith 2000 ag cur san áireamh gur leathnaíodh an scéim chuig gach bunscoil. Le héifeacht ó Eanáir 2000 leathnaíodh scéim na ndeontas breise per capita do sheirbhísí rúnaíochta agus airíochta chuig gach scoil ina raibh 100 dalta nó níos mó ag an ráta de £40 in aghaidh an dalta. Chomh maith leis sin, bhí gach bunscoil le níos lú ná 100 dalta agus nach raibh ag fáil aon tacaíocht cheana féin do sheirbhísí rúnaíochta nó airíochta i dteideal iad a áireamh sa scéim le héifeacht ó Mheán Fómhair 2000. Bhain íosdeontas de £2,400 le gach scoil ina raibh 60 dalta nó níos lú.

Tionscnaimh Eolaíochta

I rith 2000, ag freagairt do leathnú agus d'fhás na dtionscal eolaíochta agus teicneolaíochtbhunaithe in Éirinn agus mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le fáil a bheith ar fhórsa saothair le dea-oideachas agus liteartha i gcúrsaí eolaíochta, thug an Roinn roinnt tionscnamh isteach a bhí dírithe go sonrach ar fheasacht ghinearálta agus rátaí tógála na n-eolaíochtaí fisiceacha ag leibhéal na sraithe sinsearaí i scoileanna dara leibhéal a mhéadú.

Bhí Tionscnamh an Bhus Eolaíochta, a sheol an tAire i Márta 2000, ar cheann de chéad samplaí an mhórchomhoibrithe idir an tionsclaíocht agus an earnáil tríú leibhéal i gcur chun cinn oideachas eolaíochtaí ag an mbunleibhéal. Tugann an Bus Eolaíochta, ar saotharlann idirghníomhach shoghluaiste do bhunscoileanna é atá deartha i gcomhar le Lárionad na hÉireann d'Ógánaigh a bhfuil Tallann acu, agus atá bunaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), cuairt ar scoileanna agus ar ionaid phoiblí agus bíonn sé dírithe ar dhaltaí i rang a cúig agus i rang a sé i mbunscoileanna.

In Aibreán 2000, tugadh scéim nua deontais d'íocaíocht deontas, a raibh suim de bheagnach £2.5 milliún ag baint leis, isteach le haghaidh scoileanna a chuireann na heolaíochtaí fisiceacha ar fáil ag leibhéal na sraithe sinsearaí. Is é cuspóir na ndeontas ná na leibhéil trealaimh i scoileanna a mhéadú le hobair saotharlainne a éascú agus le húsáid Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide a spreagadh i múineadh na heolaíochta. Tá na deontais sin mar chuid de phacáiste £12m atá á chur ar fáil d'fheabhsú acmhainní do mhúineadh na heolaíochta thar thréimhse céimnithe trí bliana.

Tionscadal TE Scoileanna 2000

Seoladh tionscadal TE Scoileanna 2000 i mí na Samhna 1997 agus, suas go dtí deireadh na bliana 2000, infheistíodh níos mó ná £40m d'airgead poiblí (£25m caipiteal) i bhfeidhmiú an tionscadail. Ta £15.9 milliún breise infheistithe ag Eircom faoi Thionscadal Scoileanna na Ré Eolais i gcomhar le TE Scoileanna 2000.

Is é aidhm fhoriomlán TE Scoileanna 2000 a chinntiú go mbíonn an deis ag daltaí i ngach scoil litearthacht ríomhairí agus Idirlín a bhaint amach agus iad féin a fheistiú do rannpháirtíocht i sochaí an eolais. Is iad na straitéisí atá á n-úsáid leis an gcuspóir uillmhianach sin a bhaint amach ná

- Soláthar cabhrach chuig gach scoil i dtógail a bonneagair teicneolaíochta.
- Forbairt scileanna teagaisc.
- Bunú seirbhísí tacaíochta.

Bunaíodh an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht in Oideachas (LNTO) go luath i 1998 le TE Scoileanna 2000 a chur i bhfeidhm. Bunaíodh Aonad Polasaí Oideachais TEC sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá ról ceannródaíochta ag an Aonad Polasaí Oideachais TEC ina chinntiú go ndéantar foráil chuí d'fhorbairt ríomhfhoghlama chun sochair chách.

Tá fáil ar na sonraí seo a leanas ar fheidhmiú TE Scoileanna 2000 ó shuirbhé a rinneadh an LNTO i Meitheamh 2000 don Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ríomhairí i Scoileanna

- Tá thart ar 56,000 Ríomhaire Ilmheán i scoileanna céad leibhéal agus dara leibhéal na hÉireann – méadú de 65% ó 1998.
- Is ionann sin agus 8.7 ríomhaire ar an meán in aghaidh gach scoil céad leibhéil agus 42.7 ríomhaire ar an meán in aghaidh gach scoile dara leibhéil.
- Tá cóimheasa Daltaí : Ríomhaire anois ag 17.7: 1ag an gcéad leibhéal agus ag 13:1 ag an dara leibhéal.
- Tá Gréasán Ceantair Áitiúil (GCÁ) ag 78% de scoileanna dara leibhéil.

Úsáid TEC

- Sna scoileanna céad leibhéal tá méadú suntasach ar úsáid TEC sa churaclam.
- Tá sé sin amhlaidh go háirithe sa Bhéarla, i nuatheangacha eile, i dtacaíocht foghlama agus i matamaitic.
- Is é príomhchinnteathach an phatrúin rochtana ná scil an mhúinteora. Tuairsicíonn 25% de scoileanna céad leibhéal go bhfuil straitéis réamhbheartaithe acu do rochtain.
- Tairgeann 78% de scoileanna dara leibhéal teistiméireacht i scileanna TEC do mhic léinn.

Rochtain agus Úsáid Idirlín

- Tá ceangal idirlín curtha ar fáil do gach scoil ó luath i 1999. Tá úsáid bainte as ríomhphost ag breis is 90% de na scoileanna.
- Tá ceangal ISDN ag 69% de na scoileanna dara leibhéal agus tá rochtain ilúsáide idirlín ag 62% de na scoileanna.
- Tá láithreáin gréasáin ag 8% de na scoileanna céad leibhéal agus ag 11% de scoileanna dara leibhéal ar a bhfoilsítear mionsonraí na scoile agus obair mhac léinn.

Teagasc agus Oiliúint do TCE

- Thuairisc 75% de na múinteoirí go bhfuil cúrsa déanta acu. Is mó is dóichí go mbeidh cúrsa déanta ag múinteoirí céad leibhéal (84%) ná ag múinteoirí dara leibhéal (65%).
- Thuairisc 92% de mhúinteoirí céad leibhéal go raibh roinnt scile acu i TCE agus roinnt scile Idirlín ag 74%.
- Thuairisc 77% de mhúinteoirí dara leibhéal go raibh roinnt scile acu i TCE agus roinnt scile Idirlín ag 64%.

Taighde agus Forbairt

Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tiomanta d'úsáid a bhaint as fianaise agus taighde atá ann cheana, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, i bhforbairt polasaí agus i gcinnteoireacht. Chomh maith le rannpháirtíocht i dtaighde ar mhór-scála agus tras-náisiúnta cuireann an Roinn forbairt thaighde dúchais, go háirithe taighde cáiníochtúil, chun cinn trí Choiste Taighde agus Forbartha na Roinne.

Cé gurb iad roghnú gníomhaíocht taighde agus monatóireacht a dhéanamh uirthi, formhór obair an Choiste, bíonn baint aige chomh maith le cur chun cinn taighde, trí thacú le heagrú seimineár agus ullmhú foilseachán. I 2000, thacaigh an Coiste le 23 tionscadal taighde a chlúdaíonn raon leathan topaicí ó úsáid na Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga go staidéar ar an bpróiseas aistrithe ó scolaíocht chéad leibhéal go dtí scolaíocht dara leibhéal. Leithdháileadh os cionn £100,000 don obair sin i 2000.

Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

Mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, tá an Stát ag infheistiú £550m in acmhainn agus i gcumas taighde ár n-institiúidí tríú leibhéal. Is mír mhór den infheistíocht sin é an Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus tá dearadh é le forbairt chumais taighde ardchaighdeáin a chur chun cinn in institiúidí tríú leibhéal. Tá an clár á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachais agus déantar iarratais a mheas de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Seoladh an chéad chomhChlár poiblí / príobháideach i 1998 agus fógraíodh dámhachtainí chuig 11 institiúid, £162.5m ar an iomlán, faoi Shraith 1 den Chlár i 1999. Fógraíodh dámhachtainí breise chuig 8 n-institiúid ceanródaíochta, £62m ar an iomlán, faoi Shraith 2 den Chlár i mí Iúil 2000. Tá comhaontuithe comhpháirtíochta ag na tionscadail mhaoinithe le roinnt ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta eile.

Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta

Fógraíodh comhaltacht chéad Chomhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta, leis an Ollamh Eda Sagarra mar Chathaoirleach, in Eanáir 2000. D'oibrigh an Chomhairle roimhe sin ar bhonn eatramhach. Tacaíonn an Chomhairle le taighde sna Daonnachtaí agus Seirbhísí Sóisialta trí dhamhachtainí a

dhéanamh chuig mic léinn iarchéime, scoláirí iar-dhochtúireachta agus lucht acadúil. Ghlac an Chomhairle ballraíocht i bhFondúireacht Eolaíochta na hEorpa i mí na Nollag 2000.

Ag Comhlíonadh Riachtanas Scileanna

Foilsíodh Dara Tuarascáil an Ghrúpa Saineolais i Márta 2000. Rinne an Tuarascáil anailís ar an margadh saothair tríd is tríd i dtéarmaí fáil ghinearálta ar obair agus fáil na n-oibrithe do shilte beatha lena mbaineann scil íseal.

Mar fhreagairt don Tuarascáil cuireadh áiteanna breise sna heolaíochtaí ceimiceacha agus bitheolaíochta ar fáil sa bhliain acadúil 2000/2001. Rinneadh foráil do ghlacadh méadaithe le 1,632 printíseach don bhliain acadúil 2000/2001. Chomh maith leis sin, tugadh cúrsaí speisialta samhraidh isteach i 2000 i roinnt institiúidí teicneolaíochta, a chuireann oiliúint ar fáil do 727 printíseach. Tugadh cúrsaí nua isteach chomh maith faoin gClár Teicneora Luathaithe i 2000 chun oiliúint a chur ar fáil do 800 mac léinn.

Clár Steps

Seoladh an clár sin, ar comhthionscnamh é idir an Roinn agus Foras Innealtóirí na hÉireann, i Samhain 2000. Is é an aidhm atá aige ná feasacht a mhéadú ar fhiúntas ghairm na hinnealtóireachta mar shlí bheatha agus daoine óga a spreagadh le hábhair riachtanacha a ghlacadh ag an dara leibhéal le cur ar a gcumas innealtóireacht a dhéanamh ag an tríú leibhéal.

Comhoibriú Thuaidh/Theas

Bhí céad chruinniú earnálach na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar an oideachas ann i bhFeabhra 2000. Ag an am sin d'athbhreithnigh an Chomhairle leibhéal ard comhoibríochta a bhí ann cheana idir an dá Roinn agus scrúdaigh sí moltaí ar an mbealach ab fhearr le comhoibriú a chur chun cinn. Chomhaontaigh an Chomhairle bunú roinnt Comh-Ghrúpaí Oibre /Comhordaithe, ar tugadh an dualgas dóibh dul chun cinn deimhneach a thabhairt i gcrích i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

- Soláthar Riachtanais Oideachais Speisialta
- Tearcghnóthú Oideachais
- Cáilíochtaí Múinteoirí
- Malartuithe Scoile, Óige agus Múinteoirí
- Gnóthaí AE/Idirnáisiúnta

I 2000 bhí an Roinn páirteach go gníomhach i raon pléite ag leibhéal an Aontais Eorpaigh (AE) ag obair tríd an gCoiste Oideachais agus ag leibhéal Aireachta tríd an gComhairle Oideachais chomh maith le bheith ag obair leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), Comhairle na hEorpa agus coistí UNESCO.

Ba bhliain thábhachtach í 2000 d'Éirinn maidir leis an ECFE. Bhíomar páirteach go gníomhach i raon grúpaí oibre agus ceapadh an tUasal John Dennehy, Ard-Rúnaí na Roinne, mar chathaoirleach ar Choiste Oideachais an ECFE i mí an Mhárta.

Ba bhliain thábhachtach do chomhoibriú oideachais ag leibhéal an Aontais Eorpaigh í 2000 chomh maith. Ag Cruinniú Mullaigh Liospóin i Márta 2000, thug Ceannairí Stáit agus Rialtais 15 Bhallstáit an AE an gá atá le córais oideachais agus oiliúna na hEorpa dul in oiriúint ar éilimh na sochaí faisnéise. Tugadh sainordú shainiúil d'Airí Oideachais "tabhairt faoi mhachnamh ginearálta ar chuspóirí deimhneacha na gcóras oideachais amach anseo, ag saindíriú ar chomhcheisteanna imní agus ar chomhthosaíochtaí." Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh i bhFeabhra 2001 le tuarascáil chuig Comhairle Cheannairí Stáit agus Rialtais na hEorpa i Márta 2001 ag tabhairt creat cuspóirí do chórais oideachais agus oiliúna amach anseo.

I 2000 freisin, cheadaigh na Ceannairí Stáit agus Rialtais plean gníomhaíochta ar shoghluaiseacht in oideachas agus oiliúint ag leibhéal AE. Chomh maith leis sin, socraíodh moladh ar shoghluaiseacht i rith na bliana ar glacadh leis ina dhiaidh sin in 2001.

Sa bhliain 2000 freisin, seoladh glúin nua de chláir AE Leonardo da Vinci (oiliúint ghairmiúil) agus Socrates (oideachas). Tógann na cláir nua ar an dul chun cinn atá bainte amach go dtí seo agus thug siad líon nua bearta isteach le comhoibriú Eorpach a mhéadú in oideachas agus in oiliúint.

I 2000 chomh maith, neartaíodh ar chomhoibriú déthaobhach le tíortha eile. Leag comhráití leis an Mhalaeisia, an tSín agus le Poblacht na Seice an bhunsraith do chomhaontuithe oideachais, a síníodh ina dhiaidh sin i 2001.

Foghlaim Shaoil

Páipéar Bán ar Oideachas Aosach

Tar éis fhoilsiú Páipéir Ghlais ar Oideachas Aosach i 1998, seoladh an Páipéar Bán ar Oideachas Aosach: Foghlaim Saoil i Lúnasa 2000. Tugadh faoi phróiseas forleathan comhchomhairlithe ina dhiaidh sin i rith 1999.

Leagann an Páipéar Bán raon moltaí amach chun rochtain ar oideachas aosach a chur chun cinn agus a leathnú i gcomhthéacs leanúnachas deiseanna oideachais ar bhonn saoil. Clúdaíonn na moltaí na priosabail ba chóir taca a chur faoin straitéis, leathnú roghanna páirtaimseartha i mbreisoideachas trí Thionscnamh Filleadh ar an Oideachas, deiseanna feabhsaithe do pháirteachas aosach in oideachas tríú leibhéal, ról neartaithe d'oideachas pobail, méadú seirbhísí tacaíochta mar threoir, comhairliú agus cúram leanaí, agus bunú Chomhairle Foghlama Náisiúnta Aosach agus Bhoird Foghlama Áitiúla Aosach do lánpháirtiú, pleanáil agus comhardú feabhsaithe, go náisiúnta agus go háitiúil. Cuirfear na moltaí i bhfeidhm ar bhonn céimnithe mar thoradh ar na hacmhainní arna soláthar sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sna Meastacháin.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)

Is clár oiliúna agus an dara seans oideachais í an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) do dhaoine fásta 21 bliain agus os a chionn atá ar a laghad 6 mhí dífhostaithe. Cuirtear 5,000 áit ar fáil in aghaidh na bliana ag costas, i 2000, de thart ar £31.47m. Cuirtear raon roghanna gairmoideachais ar fáil do mhic léinn ón mbunleibhéal go dtí leibhéal Iar-Ardteistiméireachta.

Tugadh isteach seirbhís tacaíochta cúraim leanaí i 1998 do rannpháirtithe i gcláir SDOG, Youthreach agus cláir don Lucht Siúil. Soláthraíonn an beart cistí do Choistí Gairmoideachais do sholáthar díreach naíolann, ceannach áiteanna i naíolanna atá ann cheana nó íoc as feighlithe linbh, faoi réir ag uasmhéid de £50 an leanbh do sheisiúin iomlána, comhlíonadh cánach, agus clárú mar a éilíonn na boird sláinte. I 2000, bhain 1,308 leanbh agus 1,050 tuismitheoir sochar as an tionscnamh.

Mar aitheantas don ghá le páirteachas córasach a chinntiú agus chun sochair dóibhsean is mó a mbíonn tionchar ag tréimhsí fada dífhostaíochta orthu, choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta staidéar le haithint agus tuarascáil a dhéanamh ar fhor-rochtain, earcaíocht, tabhairt i gcrích na straitéisí tacaíochta is éifeachtaí i bhfreastal orthusan is mó atá ina ngá. Tá dréacht-thuarascáil tugtha chun críche agus tá sé á scrúdú ag féachaint le bailchríoch deireanach a chur uirthi.

Thug an dréacht-thuarascáil raon fachtóirí chun suntais, a chuir le laghdú go pointe áirithe i bpáirteachas sa SDOG i measc na ndaoine sin is deacra rochtain a fháil orthu, lena n-áirítear an fás tapa sa bhéim ar chláir oideachais seachas oideachas agus oiliúint i bpolasaithe gníomhacha an mhargaidh saothair.

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta

Lean an líon rannpháirtithe ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IA) ag fás, ag méadú ó 18,712 mac léinn i 1996/1997 go dtí 25,518 mac léinn i 2000/2001. Tugadh isteach deontais chothabhála faoi réir ag tástáil mhaoine do mhic léinn, ar aon dul lena mbaineann le scéimeanna tríú leibhéal, i 1998. Soláthraíonn an clár bealach tábhachtach roghnach isteach sa tríú leibhéal do shealbhóirí dámhachtainí NCVA Leibhéal 2, faoi Scéim Naisc Ardoideachais. Scaiptear mionsonraí na scéime go bliantúil chuig gach príomhoide agus gairmthreoraí scoile. Tá méadú ag teacht ar an líon aosach a bhaineann úsáid as cúrsaí IA le dul isteach san oideachas in athuair – bhí 33% de gach mac léinn IA 21 bliana d'aois nó os a chionn.

Litearthacht Aosach

Foilsíodh Suirbhé Idirnáisiúnta Litearthachta d'Aosaigh an ECFE: Torthaí d'Éirinn i 1997, ag léiriú gur scóráil 25% d'aosaigh Éireannacha ag an leibhéal íochtarach litearthachta. Tá sé tábhachtach a threisiú nach suirbhé neamhlitearthachta a bhí anseo, ach suirbhé ar na leibhéil dhifriúla scileanna a bhíonn riachtanach do pháirtíocht in eacnamaíocht nua-aosach. Bhí ar chumas na n-aosach sin a scóráil ag an leibhéal is ísle (Leibhéal 1), ar an gcuid is fearr de, tascanna ina gcaithfeadh an léitheoir píosa simplí eolais a aimsiú i dtéacs agus gan aon eolas sa téacs a chuirfeadh duine dhá threoir. Thaispeáin an suirbhé gur daoine a d'fhág an scoil go luath, aosaigh níos sine agus daoine dífhostaithe is mó a bhí i mbaol deacrachtaí litearthachta, agus is lú an dóchúlacht go mbeadh an dream sin leis na scileanna is laige páirteach in oideachas agus oiliúint aosach.

Ó rinneadh an suirbhé, mhéadaigh an buiséad do litearthacht aosach ó níos lú ná £0.85m roimh 1997 go dtí beagnach £8.35m i 2000. Tá £73.6m á chur ar fáil do Straitéis Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta don tréimhse 2000-2006.

Tá raon tionscnamh forchéimnithe mar chuid de leathnú na seirbhíse i gcomhoibríocht leis na Coistí Gairmoideachais, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh, agus leasanna oiliúna agus fostaíochta. Áirítear orthu sin bearta chun tacú le cur chun cinn feasachta, for-rochtain, forbairt ghréasáin tarchurtha agus soláthar solúbtha. Ceanglaíonn na gréasáin an tseirbhís litearthachta le hobair ghníomhaíochtaí eile i scoileanna, FÁS, leas, sláinte, fostaíocht agus seirbhísí



pobail, ionas go gcuirtear feasacht chun cinn i leith fáil a bheith ar sheirbhísí agus mar is féidir daoine le deacracht litearthachta a tharchur le cúnamh a fháil. Mar thoradh, mhéadaigh an líon daoine atá ag fáil na seirbhíse ó 5000 in 1997 go dtí 17,150 ag deireadh 2000. Tá creat ardchaighdeáin forbartha agus tá cláir dheimhnithe inseirbhíse náisiúnta á gcur i bhfeidhm. Tá Eolaire Seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh foilsithe le feasacht ar phointí teagmhála don tseirbhís a chur chun cinn. Mar chuid de na forbairtí, tá litearthacht teaghlaigh agus tionscnaimh foghlama ag an láthair oibre á leathnú, chomhcheangailte le cláir do ghrúpaí ar leithligh ar nós an Lucht Siúil agus foghlaimeoirí le riachtanais speisialta.

Tá forlíonadh á dhéanamh ar na tionscnaimh sin ag forbairtí raidió agus teilifíse ionas gur féidir leis an bpobal i gcoitinne teacht a bheith acu ar fhoghlaim litearthachta ina dteach féin. Choimisiúnaigh RTÉ sraith teilifíse "Read Write Now" agus craoladh í ó Mheán Fómhair go Nollaig 2000 agus mealleadh lucht éisteachta de 155,000 ar an meán, ag baint 192,000 amach faoi dhó. Bhí pacáiste foghlaimeora saor in aisce ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh ag teacht leis an tionscnamh, mar aon le cabhair-líne saorfóin arna oibriú ag an nGníomhaireacht.

Dáileadh físteipeanna den tsraith teilifíse ina dhiaidh sin saor in aisce chuig scéimeanna litearthachta, lárionaid foghlama d'aosaigh, leabharlanna poiblí agus siopaí físeán.

Lean Coiste Idir-Rannach chun straitéis lánpháirtithe ar litearthacht do dhaoine dífhostaithe de chruinnithe a bheith acu i 2000. Tionólann an Roinn an Coiste, agus oibríonn sé leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh, FÁS, Seirbhísí Áitiúla Fostaíochta, na Coistí Gairmoideachais, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh. Táthar i mbun chlár fillte ar an bhfoghlaim, arna oibriú i gcomhar ag Coistí Gairmoideachais agus ag an Scéim Fostaíochta Pobail faoi mhaoiniú FÁS agus tá sé á leathnú chuig gach réigiún FÁS. Cumasaíonn sé sin diantheagasc litearthachta a nascadh le liúntas oiliúna agus taithí oibre faoin scéim Fostaíochta Pobail.

Riachtanais Liteartheachta agus Teanga Lucht Lorgtha Tearmainn

Tá riachtanais litearthachta agus teanga lucht lorgtha tearmainn ag cruthú dúshláin nua. Cuireadh comhordaitheoir i mbun Coistí Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus

Chontae Bhaile Átha Cliath le tabhairt faoi thaighde gníomhaíochta sa réimse sin agus le samhlacha dea-chleachtais a fhorbairt i gcomhchomhairle le gníomhaireachtaí tábhachtacha mar an Stiúrthóireacht Seirbhísí do Lucht Lorgtha Tearmainn agus do Theifigh agus an tAonad Tacaíochta Teanga Teifeach. Chuir an Cumann Gairmoideachais in Éirinn (CGÉ) grúpa oibre ar bun chomh maith le polasaithe a fhorbairt sa réimse seo, agus rinneadh comhordú ar an gcur chuige cleamhnaithe. Áiríonn na seirbhísí litearthachta atá ann cheana na riachtanais sin i gcomhthéacs a bpleanála foriomláine limistéar laistigh de laincisí an bhuiséid fhoriomláin.

Treoir d'Aosaigh

D'aithin na Páipéir Ghlasa agus Bhána ar Oideachas d'Aosaigh an tábhacht chriticiúil atá le seirbhísí tacaíochta a fhorbairt, ar nós treoir, ionas gur féidir le haosaigh an sochar is mó a bhaint as filleadh ar oideachas atá ábharthach dá riachtanas. Mhol na Páipéir seirbhís a fhorbairt a chlúdódh speictream riachtanas ag réimsiú ó fhor-rochtain thosaigh, go háirithe i réimsí litearthachta agus oideachais bhunúsaigh, eolais ghairmoideachais, treorach agus treoraithe, comhairle i ndéileáil le himní i dtaobh na foghlama chomh maith le comhchomhairliú agus rochtain ar sheirbhísí saineolais dóibh sin i ngá.

Le cúrsaí a chur chun cinn, bunaíodh Grúpa Comhairleach faoi cheannas an Lárionaid Náisiúnta do Threoir in Oideachas agus leasanna ábharthacha eile le maoirseacht a dhéanamh ar an bhforbairt. Lorgaíodh tairiscintí trí fhógraíocht phoiblí, agus roghnaíodh 10 dtogra as na 33 aighneacht a fuarthas le píolótú a dhéanamh ar sheirbhís. Thosaigh na píolótaí go luath i 2000, agus oibreoidh siad thar thréimhse dhá bhliain, ar chostas £0.5m i 2000 agus £0.542m i 2001.

Tionscnamh Náisiúnta Léitheoireachta

Bunaíodh Tionscnamh Náisiúnta Léitheoireachta in Eanáir 2000 mar thionscadal ar feadh na bliana le buiséad de £2.5m. Is í an aidhm atá aige ná feasacht a mhéadú sa phobal i gcoitinne maidir le tábhacht na léitheoireachta agus feabhas a chur ar ardchaighdeán an teagaisc agus na léitheoireachta sna hearnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Mhaoinigh an Tionscnamh 200 tionscadal i scoileanna, leabharlanna, grúpaí oideachais d'aosaigh, príosúin, grúpaí lucht siúil, cúram oispíse agus grúpaí pobail. Bíonn tionchar ag go leor de na tionscadail sin go díreach ar rochtain leanaí agus aosach ar leabhair agus bealaí nua á bhforbairt acu le grúpaí a fháil páirteach i léitheoireacht.

Reachtaíocht

Tosach Feidhme an Achta Oideachais, 1998

Síníodh an tAcht Oideachais, 1998 ina dhlí an 23ú Nollaig 1998. Soláthraíonn an tAcht, don chéad uair, creat reachtúil do chóras oideachais na hÉireann ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal. Mar sin, léiríonn sé pointe suntasach in oideachas na hÉireann. Leagann an tAcht cuspóirí agus prionsabail amach a chuireann taca faoin gcóras oideachais agus forálann sé do chearta leanaí agus daoine eile i leith an oideachais. Soiléiríonn sé chomh maith rólanna agus freagrachtaí múinteoirí, príomhoidí, pátrúin scoile, boird bainistíochta agus an Aire. Soláthraíonn sé creat d'fhorbairt timpeallacht oibre tacúil fuinniúil do mhúinteoirí agus do bhainisteoirí scoile agus cuireann sé forbairt na comhpháirtíochta san oideachas chun cinn ag leibhéal scoile agus ag leibhéal náisiúnta, ag soláthar comhchomhairliú do mhúinteoirí, tuismitheoirí, pátrúin scoile agus boird bhainistíochta i raon leathan ceisteanna.

Ceadaíonn Alt 1 den Acht do thosach feidhme codanna difriúla den Acht ag amanna difriúla. Forálann Alt 1 do thréimhse thosach feidhme de dhá bhliain ar a mhéid; beidh éifeacht le haon fhorálacha nár tosaíodh faoin 23ú Nollaig 2000 ar an dáta sin. Cuireadh tús leis an Acht i dtrí chuid. Rinneadh an chéad ordú thosach feidhme an 5ú Feabhra 1999 agus an dara ceann an 23ú Nollaig 1999. Ar a dtógaint le chéile, thosaigh na hordaithe sin feidhm le 51 alt de na 59 alt san Acht, chomh maith le dhá sceideal an Achta. Rinneadh an tríú hordú thosach feidhm, agus an ceann deiridh, an 22ú Nollaig 2000.

An tAcht Oideachais (Leas), 2000

D'aisghair an tAcht reachtaíocht 1926 ar thinreamh scoile agus athraíonn sé go radacach an cur chuige, ó cheann bunaithe ar phíonóis go ceann ag saindíriú ar leanaí agus daoine óga a aithint a bhfuil deacrachtaí tinrimh scoile acu, nó a d'fhéadfadh deacrachtaí den sórt sin a bheith acu amach anseo, agus aghaidh a thabhairt ar a riachtanais ina scoileanna agus ina bpobail araon. Forálann an tAcht chomh maith don chéad uair d'aithint leanaí a bhfuil oideachas á gcur orthu lasmuigh den chóras aitheanta scoile agus do struchtúr lena chinntiú go gcomhlíonann an t-oideachas, atá á sholáthar dóibh, a gcearta bunreachtúla d'oideachas. Bunaíonn an Acht an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, a fheidhmeoidh forálacha an Achta trí ghréasán oifigeach leasa oideachais ag a bhfuil freagrachtaí do scoileanna ar leithligh.

An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2000

Bhuanigh an tAcht an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú. Tá sainchúram ag an gCoimisiún chun fóram tuisceanach a sholáthar d'íospartaigh drochúsáide le linn na

hóige inar féidir leo labhairt faoinar fhulaing siad. Nuair is mian le híospartach sin a dhéanamh d'fhéadfadh Coiste Fiosraithe an Choimisiúin a líomhaintí a fhiosrú. Is féidir leis an gCoimisiún cuntasacht a bhunú do dhrochúsáid ag leibhéal an dhrochúsáideora aonair agus údarás bainistíochta agus rialaithe na hinstitiúide inar tharla an drochúsáid. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar a chinní.

An Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2000

Forálann an Bille do bhunú Chomhairle Mhúinteoireachta a bheidh féinrialaithe do mhúinteoirí chéad leibhéal agus do mhúinteoirí dara leibhéal. Is comhlacht neamhspleách, reachtúil féinrialaithe a bheidh sa Chomhairle, ag a mbeidh an ról na caighdeáin ghairmiúla is airde a leagan amach agus a chur chun cinn do mhúinteoirí chéad leibhéal agus do mhúinteoirí dara leibhéal.

An Bille Gairmoideachas (Leasú), 2000

Foilsíodh an Bille seo i 2000. Forálann an Bille do struchtúir nua agus do nósanna imeachta cuntasachta, bainistíochta agus airgeadais ionas gur féidir le gach coiste gairmoideachais freastal ar riachtanais ghairmoideachais, ar bhealach chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir, sa cheantar a ndéanann sé freastal air.

Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999

Achtaíodh Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 i mí Iúil 1999. Is iad a phríomhchuspóirí ná caighdeáin eolais, scileanna nó inniúlachta a bhunú agus a fhorbairt, caighdeán breisoideachais agus oiliúna mar aon le caighdeán ardoideachais agus oiliúna a chur chun cinn, córas a sholáthar chun comhordú agus comparáid a dhéanamh ar dhámhachtainí oideachais agus oiliúna agus na nósanna imeachta do rochtain, aistriú agus forchéimniú a chur chun cinn agus a chothabháil.

In Eanáir 2000, bunaíodh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann ar bhonn eatramhach ag feitheamh ar a bhunú ar bhonn reachtúil mar a fhoráiltear dó in Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999. Is é tasc an udaráis ainmnithe obair a thosú ar bhunú chreat náisiúnta cáilíochta agus comhairle a thabhairt ar an aistriú chuig an gcóras nua teistiméireachta, chomh maith le tacú leis, mar a fhoráiltear dó san Acht.

An Bille um Obair Ógra, 2000

Méadóidh agus forbróidh feidhmiú an Bhille um Obair Ógra, a chuaigh tríd an dara céim sa Dáil i mí na Samhna 2000, rannpháirtíocht daoine óga in oideachas neamhfhoirmiúil.

Pleanáil agus Soláthar Cóiríochta – Clár Oibre sa bhliain 2000

Fócas

An Rannóg Tógála Bunscoile

- Tugadh an fhoirgníocht chun críche ar 41 mhórthionscadal tógála bunscoile (tionscadail de £250,000 nó níos mó) in 2000.
- Tosaíodh pleanáil ailtireachta ar 143 mórthionscadal tógála bunscoile breise.
- Tionscnaíodh an próiseas chun 50 láithreán nua bunscoile a fháil.
- Rinneadh próiseáil ar 656 miontionscadal (tionscadail níos lú ná £250,000) agus ceaduithe deontais i mbunscoileanna, agus tugadh chun críche iad.
- Leathnaíodh na treoirlínte nua dearaidh do bhunscoileanna, a tugadh isteach i 1999, chuig gach scoil nua i bpleanáil ailtireachta agus ar bhonn céimnithe chuig scoileanna atá ann cheana agus a bhfuil síneadh mór nó athchóiriú mór á dhéanamh orthu.
- Tugadh clár tástála aispeiste chun críche i 1,500 scoil agus dá thoradh sin rinneadh oibreacha leighis aispeiste in os cionn 200 díobh sin.
- Rinneadh athbhreithniú agus síneadh ar an deontas bliantúil déabhlaithe d'obair fheabhsúcháin ar fhoirgnimh bunscoile agus mhéadaigh an chabhair deontais bhliantúil go dtí £3,000 in aghaidh na scoile nó £10 an dalta.

An Rannóg Tógála Iarbhunscoile

- Bhíothas i mbun tógála 17 Iarbhunscoil i 2000.
- Bhíothas i mbun tógála 80 Tionscadal Sínte.
- Bhí tógáil 15 Lárionad Oideachais beagnach críochnaithe.
- Cuireadh tús le isteach agus amach le 200 Mionobair Feabhsúcháin (tionscadail ar chostas níos lú ná £500,000 an ceann) agus tugadh chun críche iad.
- Bhíothas i mbun Pleanála Ailtireachta 764 Tionscadal Tógála breise, ag réimsiú ó fhoirgnimh nua go dtí mionoibreacha feabhsúcháin.
- Rinneadh Clár Eastósctha Deannaigh píolótach do sheomraí adhmadóireachta.
- Rinneadh athbhreithniú iomlán maidir leis na Treoirlínte agus Faisnéisiú na Foirne Deartha do Scoileanna Iarbhunoideachais.
- Tugadh athbreithniú iomlán agus uasghrádú ar Liostaí Troscáin agus Trealaimh chun críche.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú iomlán ar Gnáth-Achar agus Leagan Amach Seomraí, lena n-áirítear Troscán Seasta, i 2000, agus tá sé ceaptha a chríochnú go luath i 2001.
- Tugadh clár tástála aispeiste chun críche agus cuireadh tús le hoibreacha leighis de réir mar ba ghá.
- Rinneadh clár tástála radóin agus cuireadh tús le hoibreacha leighis de réir mar ba ghá.

An Rannóg Tógála Tríú Leibhéal

- Tugadh tógáil chun críche ar 9 dtionscadal a chosain os cionn ÉIR£5m.
- Tugadh tógáil chun críche ar 85 tionscadal a chosain níos lú na ÉIR£5m.
- Cuireadh tús le 4 thionscadal ar chostas os cionn ÉIR£5m.
- Cuireadh tús le 15 tionscadal ar chostas níos lú ná ÉIR£5m.

An Rannóg Phleanála

- Scoileanna nua ar deonadh aitheantas orthu

  9 (4 Bunoideachas + 5 Iarbhunoideachas)
- Éifeacht tugtha do Chónascadh

  15 (12 Bunoideachas + 3 Iarbhunoideachas)
- Tús chur le Cónascadh

  26 (14 Bunoideachas + 12 Iarbhunoideachas)
- Aitheantas Buan deonaithe

  5 (4 Bunoideachas + 1 Iarbhunoideachas)
- Córas ríomhairithe chun líon daltaí a theilgean i scoileanna iarbhunoideachais a bhfuil forbairt á déanamh orthu.

Comhpháirtíochtaí Poiblí/ Príobháideach

Seoladh na chéad tionscadail oideachais Comhpháirtíochta Poiblí/ Príobháideacha i mí Iúil, i ndiaidh próiseas tairisceana ar fud an AE. Bhí freagairt shubstaintiúil ann ón earnáil phríobháideach, agus faoi mhí Mheán Fómhair, bhí trí chuibhreannas ar ghearrliosta agus iarradh tairiscintí a chur isteach do chúig scoil nua iarbhunoideachais (Dún Mánmhaí, Sionainn, Tobar an Choire, Cluain Eois agus Baile an Chollaigh) agus do Scoil Cheoil Chorcaí.



Forbairtí Eagrúcháin

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 38 Tuarascáil Bhliantúil 2000

Clár Athruithe agus Leasú Struchtúrtha

I Meitheamh 2000, d'iarr an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar an Uasal Seán Cromien, iar-Rúnaí na Roinne Airgeadais, athbhreithniú a stiúradh ar oibríochtaí, córais agus ar chúrsaí foirne na Roinne. Léirigh athbhreithniú den sórt sin a chur ar bun imní dáiríre an Aire agus Barr-Bhainistíocht na Roinne maidir le cumas na Roinne leanúint de bheith ag tarscaoileadh a feidhmeanna go héifeachtach agus go héifeachtúil agus easpa leasaithe struchtúrtha suntasach ann.

Léiríonn torthaí an athbhreithnithe mar atá leagtha amach i dTuarascáil Cromien i mí Dheireadh Fómhair 2000, go soiléir na deacrachtaí atá roimh an Roinn i seirbhísí ardchaighdeáin a thabhairt i gcrích i dtimpeallacht lena mbaineann dúshláin mhóra. Ag croílár na moltaí tá an gá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bhogadh ón bhfócas millteanach atá aici ar ábhair oibríochta go riocht inar féidir aird dháiríre a thabhairt ar réimsí ríthábhachtacha forbartha polasaí, pleanáil chun cinn agus luacháil.

Ag eascairt as an athbhreithniú thug an Roinn faoi mhórchlár leasaithe struchtúrtha, a bhfuil 5 chroí-mhír ag baint leis.

- Gluaiseacht fhócasaithe fheidhmeanna ar leith ón Roinn, Scrúduithe go sainiúil, tabhairt i gcrích Oideachas Speisialta agus aistriú ról reatha na Roinne maidir leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta chuig an Údarás um Ardoideachais.

- Struchtúr oifigí réigiúnacha a bhunú.

- Leasú rialaithe agus próisis achomhairc le taca a chur faoi fheidhmeanna leithdháilte tábhachtacha.

- Feidhmiú raon forleathan bearta éifeachtachta deartha le nósanna imeachta agus próisis na Roinne a thabhairt ar aon líne le cleachtas riaracháin nua-aoiseach.

- Ag eascairt as a bhfuil thuasluaite, fócas níos mó ar chroífheidhmeanna, le béim ar leith ar pholasaí agus ar phleanáil.

Foirniú na Roinne

Sa bhliain 2000, bhí os cionn aon chéad déag duine, lena n-áirítear Cigireacht agus Síceolaithe na Scoileanna, fostaithe sa Roinn i suímh éagsúla ar fud na tíre.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Suíomh	Líon Iomlán Foirne
Baile Átha Cliath	**445**
Tulach Mhór	**180**
Baile Átha Luain	**365**
Oifigí na Cigireachta	**121**
Iomlán	**1,111**

Comhpháirtíocht

Faoi théarmaí Chomhpháirtíocht 2000, bhunaigh an Roinn, i 1999, struchtúir nua comhpháirtíochta lenar bhain bainistíocht, ceardchumainn agus an fhoireann ag gach leibhéal.

Is iad cuspóirí na comhpháirtíochta rathúlacht na heagraíochta a mhéadú, úsáid a bhaint as tuairimí, acmhainneachtaí agus tiomantas na foirne ar fad i bhfeabhsú na heagraíochta, socruithe nua a fhorbairt do phlé ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht agus feabhas a chur ar ardchaighdeán na timpeallachta oibre.

Is é an tArd-Rúnaí cathaoirleach an Choiste Comhpháirtíochta ag a bhfuil trí fho-choiste: Oiliúint agus Forbairt, Cumarsáid Inmheánach agus Pleanáil Gnó.

Bhrúigh na trí fho-choiste sin clár forleathan oibre ar aghaidh i 2000.

Cuireadh tuairiscí ar dhul chun cinn gach fo-choiste i láthair an Choiste Comhpháirtíochta ag gach ceann dá chruinnithe.

Chomh maith leis sin, sa bhliain 2000, cruthaíodh Foireann Tionscadail ionadaíoch chun an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (PMDS) a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.Thuairisc an grúpa sin chomh maith ar a dhul chun cinn chuig an gCoiste Comhpháirtíochta.

Polasaithe Oiriúnach don Teaghlach

Sa bhliain 2000, lean an Roinn de bheith ag soláthar socruithe éagsúla solúbtha oibre don fhoireann. Oibríonn os cionn 70% den fhoireann laistigh den Scéim Fleisc-Am a éascaíonn comhlíonadh an riachtanais láithreachta idir 8.30 a.m/ agus 6.30 p.m. faoi réir ag croí-am láithreachta idir 10.00 a.m. agus 4.00 p.m. Den líon iomlán foirne, bhí 29 ar shos gairme agus bhain 111 duine den fhoireann, suas go dtí leibhéal an Phríomhoifigigh, leas as socruithe roinnt poist. Bhí na patrúin oibre éagsúil agus áiríodh orthu seachtain ann/seachtain as agus maidineacha amháin. Éascaíonn an scéim oibre am téarma, a tugadh isteach i 2000, tuismitheoirí agus daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu tréimhse ama a ghlacadh saor i rith laethanta saoire na scoileanna. Bhain 19 duine den fhoireann leas as an scéim sin i 2000. Síníodh an tsaoire tuismitheora, a thugann teideal do thuismitheoirí nádúrtha nó do thuismitheoirí uchtaithe suas le 14 seachtain saoire gan phá a ghlacadh, i 2000 chucu sin a raibh leanaí acu suas go dtí 5 bliana d'aois. Bhain 24 duine den fhoireann leas as an scéim sin i 2000.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Is é polasaí na Roinne oiliúint agus forbairt a sholáthar don bhainistíocht agus don fhoireann ag gach leibhéal i gcomhthéacs fheidhmiú an chórais bhainistíochta agus forbartha feidhmiúcháin. Is í an aidhm ata le forbairt foirne a chinntiú go mbíonn na scileanna agus an t-eolas riachtanach ar fáil don Roinn chun an t-ardchaighdeán is fearr i dtabhairt i gcrích seirbhíse a chinntiú agus chun anailís, forbairt agus feidhmiú polasaí a mhéadú.

Sa bhliain 2000 tugadh os cionn 4,600 lá oiliúna i gcrích thar 490 cúrsa agus seimineár lena n-áirítear oiliúint TE, oiliúint theicniúil don fhoireann ghairmiúil agus theicniúil, scileanna bainistíochta agus forbairt phearsanta. Chomh maith leis sin, d'íoc an Roinn na táillí tríú leibhéal do 42 duine den fhoireann. Léiríonn sé sin an infheistíocht is mó riamh dá ndearna an Roinn i bhforbairt foirne agus léiríonn sé an tábhacht a chuireann an Roinn ar fhorbairt leanúnach le feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí.

Chomh maith lena bhfuil luaite thuas tionscnaíodh clár oiliúna foirmiúla cuimsitheach do ghrádú suas go dtí meánbhainisteoirí, agus iadsan san áireamh, sa bhliain 1999 agus leanadh de i rith 2000. Thug oiliúnóirí gairmiúla seachtracha na cláir mhodúlacha shaincheaptha sin i gcrích. Is ann freisin do chlár bliantúil forbartha gairmiúla don Chigireacht mar aon le clár insealbhaithe struchtúrtha do Chigirí nua.

Fócas

Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunoideachais

Ba é seoladh an Churaclaim Bhunoideachais athbhreithnithe, a tharla an 9ú Meán Fómhair, 1999, an bhailchríoch ar go leor blianta d'fhorbairt agus de phleanáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Bhí na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara ar fad sa bhunoideachas páirteach sa phróiseas sin. Le tabhairt chun críche na cáipéisíochta curaclaim bhí fáil ar dheis spreagthach d'athrú agus athnuachan i mbunscoileanna. Ag beartú roimh ré do riachtanais mhúinteoirí agus scoileanna, d'fhoráil an tAonad Forbartha Inghairme ag an Roinn do bhunú Chlár Tacaíochta Curaclaim Bunoideachais (CTCB) sular seoladh an curaclam athbhreithnithe. Tá an clár faoi cheannas Comhordaitheoir Náisiúnta, i dteannta le Leas-Chomhordaitheoir agus Comhordaitheoirí Cúnta, a bhainistíonn foireann náisiúnta Oilteoirí i seachadadh tacaíochta inseirbhíse do mhúinteoirí.

Is é cuspóir an CTCB ná tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i bhfeidhmiú an churaclaim ina scoileanna. Tionólann Lárionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar an clár faoi bhainistiú Grúpa Stiúrtha agus faigheann sé tacaíocht ó fhoireann riaracháin/ chléireach. Faigheann obair an CTCB eolas trí phleanáil ar thug Grúpa Feidhmiúcháin an Churaclaim Bhunoideachais, a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i 1997, faoi. Soláthraíonn an grúpa sin, a dhéanann uiríolla ar na comhpháirtithe ar fad san oideachas ag leibhéal náisiúnta, an struchtúr foirmiúil a chuireann ar chumas mhórpháirtithe leasmhara cur le foirmliú polasaí le haird á thabhairt ar cheisteanna feidhmiúcháin, chun cuidiú le forbairt phlean chun tacú le tabhairt isteach an churaclaim agus cainteanna leanúnacha a chur ar fáil de réir mar a éabhlaíonn an próiseas feidhmiúcháin.

Seimineáir Réamhléiritheacha

Faoi mhí Feabhra 2000, bhí Seimineár 2 lá mar Réamhléiriú ar an gCuraclam Bunscoile, a thosaigh sa chéad téarma den scoilbhliain sin, éascaithe do níos mó ná 21,000 múinteoir bunoideachais. Oilteoirí CTCB a d'éascaigh na seimineáir sin faoi threoir na Foirne Náisiúnta Comhordaithe. Bhí na seimineáir réamhléirithe dírithe ar thuiscint a fhorbairt ar na prionsabail atá mar thaca faoin gcuraclam, ag cur múinteoirí ar an eolas faoi na hathruithe sa bhéim atá ar shé réimse curaclaim (a chomhdhéanann aon ábhar déag), ag tabhairt cleachtadh ar mhodheolaíochtaí nua agus ag tionscnamh pleanáil do thabhairt isteach an churaclaim athbhreithnithe ina scoileanna agus ina seomraí ranga. Tar éis an tseimineáir 2 lá bhí lá pleanála scoilbhunaithe ann, a raibh a ndearadh, a n-eagrú agus a n-éascú faoi gach scoil di féin.

Seimineáir Teanga

Ó Fheabhra go Meitheamh 2000, thug an CTCB isteach agus amach le 920 seimineár 2 lá ar an gCuraclam Teanga: Béarla do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus Gaeilge do Ghaelscoileanna agus do Scoileanna sa Ghaeltacht. Bhí sé riachtanach oiliúnóirí breise a earcú don chéim sin agus tháinig seachtar nua ar bord na foirne náisiúnta CTCB i mí Feabhra 2000. Bhí lá pleanála scoilbhunaithe ann ag tráth a roghnaigh foireann gach scoile i ndiaidh an tSeimineáir Teanga 2 lá.

Triail Chomhchomhairleach Réamh-Seimineáir

I dtéarma na Cásca, 2000, bhí ocht n-oiliúnóir CTCB rannpháirteach i bpróiseas comhchomhairleach le líon beag scoileanna in ullmhúchán do Sheimineár 2 lá ar an gCuraclam Béarla. Bhain idirchaidreamh idir an t-oiliúnaí agus an scoil roimh an seimineár leis sin, chomh maith le réimsí a raibh suim ar leith ag an bhfoireann iontu a aithint. Bhain roinnt scoileanna leas as an tairiscint do thacaíocht

leanta tar éis na laethanta seimineáir. Facthas do na scoileanna go raibh an próiseas an-chuiditheach ina chur ar a gcumas gluaiseacht ar aghaidh i dtreo phleanáil d'fheidhmiú an Churaclaim Bhéarla. Chuir an próiseas eolas ar fáil chomh maith maidir le soláthar tacaíochta do Lá Pleanála Teanga eile sa scoilbhliain 2000-2001.

Tacaíocht do Laethanta Pleanála Teanga Scoilbhunaithe

I dtéarma an fhómhair, 2000, tugadh cuireadh do scoileanna cur isteach ar sheirbhísí oiliúnaí CTCB le tacú leo ina bpleanáil do thabhairt isteach an churaclaim teanga ina bhfuair siad oiliúint inseirbhíse sa scoilbhliain roimhe sin. I mí na Nollag 2000, chuir 250 scoil trí mheán na Gaeilge agus 1,500 scoil trí mheán an Bhéarla isteach ar thacaíocht. Rinne roinnt oiliúnóirí Gaeilge freastal ar na Gaelscoileanna agus na Scoileanna Gaeltachta ar fad a rinne iarratas agus rinne oiliúnóirí le ról dhéach Amharcealaíona/Béarla freastal ar na scoileanna trí mheán an Bhéarla.

Seimineáir Amharcealaíon

Ceapadh tríocha a haon oiliúnóir ar fhoireann na nAmharcealaíon. I dtéarma an fhómhair, 2000, thosaigh inseirbhís ar an gCuraclam Amharcealaíon. Is samhail "ceapaire" a bhí ann a d'fhoráil do thrí lá ar leithligh: D'éascaigh oiliúnóir CTCB Lá a 1 is lá scoilbhunaithe a bhí i Lá 2 agus éascaíodh Lá 3 arís.. Thug an tsamhail deis do mhúinteoirí cleachtadh a fháil laistigh de chomhthéasc a scoile féin ar chuid de na smaointe a cíoradh i Lá 1. Roinneadh na torthaí ar Lá 2 agus aithníodh riachtanais foirne agus cuireadh faoi bhráid an oiliúnóra iad do Lá 3.

Gaeilge

Chuir ceathrar oiliúnóir déag tús le héascú seimineáir aon lae ar Churaclam na Gaeilge do scoileanna trí mheán an Bhéarla i nDeireadh Fómhair 2000. Dhírigh an seimineár isteach ar an gcur chuige cumarsáideach i leith mhúineadh na Gaeilge. Bhí múinteoirí díograiseach sa chaoi ar thug siad faoi na straitéisí múinte teanga is nua-aoisí agus is éifeachtaí sna cleachtaí idirghníomhacha ar thug siad fúthu. Léirigh siad suim chomh maith in aghaidh a thabhairt ar cheisteanna faoina gcumas agus faoina muinín maidir leis an nGaeilge labhartha.

Tionscadal Forásach san Eolaíocht

Cuireadh tús le Tionscadal Forásach san Eolaíocht i dtéarma an Fhómhair 2000. Bhí sé sin comhaontaithe agus tacaithe ag na comhpháirtithe ar fad san oideachas. Eisíodh cuireadh le páirt a ghlacadh chuig gach bunscoil. Chuir os cionn 850 scoil isteach air agus roghnaíodh 207 scoil ar bhonn critéar a bhí leagtha amach. Ba é cuspóir an tionscadail ná ullmhú don Eolaíocht a thabhairt isteach i mbunscoileanna trína chur ar chumas scoileanna rannpháirteacha cleachtadh a fháil ar mhodheolaíochtaí, straitéisí a fhorbairt, réimse ábhar a chíoradh agus tógáil ar chumas d'Eolaíocht a mhúineadh. Bhí naoi n-oiliúnóir fostaithe sa tionscadal. Áiríodh ar a gcuid oibre cruinnithe réamhléiritheachta agus pleanála a thionól, ceardlanna a stiúradh agus cuairt a thabhairt ar scoileanna le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i rith an tionscadail.

An Chigireacht agus an CTCB

I rith na bliana 2000, bhí comhaltaí den chigireacht rannpháirteach go dlúth in obair an CTCB go háirithe sa mhéid a chuidigh siad leis an foirne deartha a chur ar bun do na Seimineáir Réamhléirithe sa Bhéarla, sa Ghaeilge, sna hAmharcealaíona agus san Eolaíocht. Bíonn foirne deartha ábhar shonrach agus déanann siad uiríolla ar an Roinn, an CNCM agus an CTCB. Pléann gach foireann deartha pleananna, agus déanann siad iad, d'oiliúint oiliúnaithe, cuireann siad le hoiliúint oiliúnt oiliúnaithe i go leor cásanna agus déanann siad dearadh agus maoirseacht ar ábhar agus ar mhodheolaíochtaí an tsoláthair inseirbhíse in ábhar ar leithligh. Bhí taithí mar chomhaltaí de choistí CNCM ag na cigirí ar na foirne deartha, a sholáthair léargas luachmhar ar an réasúnaíocht agus ar an gcúlra d'athruithe i mbéim agus na modheolaíochtaí nua sa churaclam.

Bhí comhaltaí den Chigireacht páirteach chomh maith i luacháil an CTCB i rith théarma na Cásca, 2000. Bhí siad i láthair ag Seimineár 2 Lá Béarla agus chuir siad an t-oiliúnóir faoi agallamh ina dhiaidh agus comhlánaíodh ceistneoir. Ina dhiaidh sin rinneadh agallaimh scoilbhunaithe le roinnt Príomhoidí agus múinteoirí. Rinneadh an obair sin faoi choimirce Aonad Thacaíocht Luachála agus Taighde (ATMT) na Cigireachta.

Gréasán an Lárionaid Oideachais agus CTCB

Bhí gréasán an Lárionaid Oideachais lárnach do phróiseas seachadta na seimineár CTCB. Tugadh faoi chomhchomhairle ghrinn idir Stiúrthóirí an Lárionaid Oideachais, an ICDU agus an CTCB. Chomh maith lena n-ionchur sa pholasaí foriomlán agus sa phleanáil fhoriomlán trí na struchtúir náisiúnta, déanann na Lárionaid Oideachais na socruithe áitiúla riachtanacha le hoibríocht an CTCB a éascú: cnuasach scoileanna, lárionaid a chur in áirithint, bia agus deoch a shocrú, teagmháil a dhéanamh le scoileanna agus Oiliúnóirí CTCB a mheaitseáil le seimineáir.

Aguisíní

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Eagrú Feidhmeanna



Tabhair ar aird: Taispeántar thuas eagrú eatramhach feidhmeanna ag feitheamh ar fhorbhairt chlár na Roinne ar athrú agus leasú struchtúrtha.

Foilseacháin 2000

Foilsíonn an Roinn raon leathan bileoga agus cáipéisí beartas. Tá liostú mionsonraithe de na foilseacháin ar fáil saor in aisce ón Aonad Cumarsáide ag 01 8892388. Is é beartas na Roinne nuair is indéanta sin cáipéisí a fhoilsiú ar an láithreán líonra agus tá rochtain air sin ag http://www.education.ie

Seo a leanas liosta de na cáipéisí is minicí a iarradh dár foilsíodh i 2000. Tá na cáipéisí sin ar fáil ón Aonad Cumarsáide sa Roinn agus / nó ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Teil; 01 6476000.

Ainm	Mionsonraí	Foinse
Ráiteas Straitéise	Straitéis na Roinne ar fheidhmiú an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997	Aonad Cumarsáide
Tuairisc Ghearr ar an gCóras Oideachais	Forléargas ar an gCóras Oideachais in Éirinn	Aonad Cumarsáide
Ráiteas Seirbhíse do Chustaiméirí	Mionsonraí sheirbhísí na Roinne	Aonad Cumarsáide
Eolaire Uimhreacha Teagmhála 2001	Liostú de Rannóga sa Roinn agus san Earnáil oideachais mar aon le mionsonraí teagmhála	Aonad Cumarsáide
Treoir d'Eolas	Liosta d'fhoilseacháin ón Roinn agus ó chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne	Aonad Cumarsáide
Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil 1998/1999	Mionsonraí miona Staitistiúla	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Tuarascáil Bhliantúil 1999	Forléargas ar an Roinn agus a gníomhaíochtaí agus mórfhorbairtí i 1999	Aonad Cumarsáide
Liosta Scoileanna Náisiúnta	Liosta scoileanna le mionsonraí teagmhála	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Curaclam na mBunscoileanna Foghlaim do Linbh – Treoirlínte do Thuismitheoirí	Treoirlínte do Thuismitheoirí	Aonad Cumarsáide
Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna	Rialacha agus clár agus siollabais do raon ábhar	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Siollabais Athbhreithnithe do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta	Foilsítear siollabais athbhreithnithe ina gceann agus ina gceann de réir ábhair	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Tacaíocht do Mhic Léinn Tríú Leibhéal 2000/2001	Mionsonraí na gcritéar is infheidhme	Aonad Tacaíochta Mac Léinn agus Aonad Cumarsáide

Comhlachtaí faoi Chúram na Roinne

An Chomhairle Comhairleach do Scoileanna Béarla Teo.,
44 Plás Líosan,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6767374

Institiúid an Ardléinn
10 Bóthar Burlington,
Baile Átha Cliath 4.
Teil: (01) 6140100

An tÚdarás um Ardoideachais
An Tríú hUrlár, Teach Marine,
Cúirt Chlann Liam,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6612748

Institiúid Teangeolaíochta Éireann
31 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6765489

Bord Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann
Teach IPC,
35/39 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4.
Teil: (01) 6144836

An Lárionad Násiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Árasáin Larkfield,
Teach 3,
Glas Naíon,
Baile Átha Cliath 9
Teil: (01) 70008200

Acadamh Ríoga na hÉireann sa Cheol
36/38 Rae Westland,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6764412

Acadamh Ríoga na hÉireann
19 Sráid Dawson,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6762570/6764222/6762570

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe
24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6617178

An Chomhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
26 Cearnóg Mhuinseo,
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8556526

An Chomhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9
Teil: (01) 8531910

An Lárionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas
1ú Urlár, 42/43 Sráid na Prúise,
Baile Átha Cliath 7.
Teil: (01) 8690715

An tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Síceolaíoch
Cúirt Frederick,
24/27 Sráid Frederick Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.
Teil: (01) 8892700

An Coimisiún ar Riachtanais Chóiríochta Scoile
Urlár 1, Bloc 4, Lárionad Irish Life
Sráid Talbot
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8787747

Duais an Uachtaráin – Gaisce
Árasáin an Stáit
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 4758746

Léargas – An Oifig Malartaithe
Teach Abhóca,
189/193 Sráid Parnell,
Baile Átha Cliath 1.
Teil: (01) 8731411

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
4ú Urlár
6-9 Sráid na Tríonóide
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6127080

Teagmhálacha

Eolaire Uimhreacha Teagmhála

Tá Eolaire mionsonraithe d'Uimhreacha Teagmhála sa Roinn, lena n-áirítear roinnt comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus san earnáil oideachais i gcoitinne ar fáil saor in aisce ón Aonad Cumarsáide Teil: (01) 8892388.

Diailigh Díreach Isteach (D.D.I.)

Tá seirbhís Diailigh Díreach Isteach suiteáilte in oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath, Baile Átha Luain agus i dTulach Mhór. Seachnaíonn an tseirbhís sin an t-oibritheoir teileafóin agus téann sé díreach go dtí deasc duine aonair nó rannóige.

Eolairí Teileafóin Eircom

Áirítear i gcuid Leathanach Glas Eolairí Teileafóin reatha Eircom liosta cuimsitheach d'Oifigí agus d'Earnálacha na Roinne agus na seirbhísí a bhíonn á soláthar.

Láithreán Líonra

Is féidir rochtain a fháil ar Láithreán Líonra na Roinne ag Http://www.education.ie

Oifigí na Roinne	Aonaid/Rannóga
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Sráid Maoilbhríde Baile Átha Cliath 1 **Teil: (01) 8734700**	Oifigí an Aire, (An Dr. Michael Woods T.D) An tAire Eolaíochta agus Teicneolaíochta, (An tUas. Noel Treacy, T.D.) Ard-Rúnaí, Rúnaithe Cúnta Príomhchigire agus Cigirí Stiúrthóirí Beartas Straitéiseach Cistí Struchtúrtha Cumarsáid Seirbhísí Corparáideacha Saoráil Faisnéise Ardoideachas (Ollscoileanna) Ardoideachas (Coláistí) Gnóthaí Idirnáisiúnta Comhoibriú Thuaidh/Theas Uilechuimsitheacht Shóisialta
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Teach Háicín, Sráid Háicín, Baile Átha Cliath 2. **Teil: (01) 8734700**	An tAire Stáit in Oideachas d'Aosaigh, Gnóthaí Ógra agus Iompras Scoile, (An tUas. Willie O'Dea, T.D.) Forbairt In-Ghairme An Chigireacht Riarachán Iar-Bhunoideachais Gnóthaí Ógra
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Foirgneamh Irish Life, Bloc 1, Sráid na Mainistreach, Baile Átha Cliath 1. **Teil: (01) 8734700**	Caidreamh Foirne Seachtraí Aonad Airgeadais Córais TE
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Foirngneamh Irish Life, Bloc 4, Sráid Talbot, Baile Átha Cliath 1. **Teil: (01) 8734700**	Breisoideachas Iniúchadh Inmheánach
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Foirgneamh Irish Life, Bloc 6/7, Sráid na Mainistreach, Baile Átha Cliath 1 **Teil: (01)8734700**	Staitisticí
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. **Teil: (0902) 74621**	Scrúduithe Iar-Bhunoideachas Bunoideachas Rúnaíocht na Comhairle Clárúcháin Oideachas Speisialta Pinsin Mhúinteoirí
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta Bóthar Phort Laoise, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí **Teil:(0506) 21363**	Cigireacht Pleanáil & Tógáil Riarachán Iar-Bhunoideachais Iompras Scoile Tacaíocht Mhac Léinn (Tríú Leibhéal/ Iar-Ardteistiméireacht)

Príomhoifigí na Cigireachta

Oifig na Cigireachta
Foirgneamh Irish Life
1A South Mall
Corcaigh
Teil: (021) 4906011

Oifig na Cigireachta
An Mhodhscoil
Ascall Uí Chonaill
Luimneach
Teil: (061) 315966

Oifig na Cigireachta
Urlár 3
Teach Ross
Sráid na gCeannaithe
Gaillimh
Teil: (091) 568922

Oifig na Cigireachta
Promanáid Kempton
Sráid an Droichid
Sligeach
Teil: (071) 43218